Is áis doiciméadúcháin amháin an téacs seo agus níl aon éifeacht dhlíthiúil aige. Ní ghabhann institiúidí an Aontais aon dliteanas orthu féin i leith inneachar an téacs. Is iad na leaganacha de na gníomhartha a foilsíodh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh agus atá ar fáil ar an suíomh gréasáin EUR-Lex na leaganacha barántúla de na gníomhartha ábhartha, brollach an téacs san áireamh. Is féidir teacht ar na téacsanna oifigiúla sin ach na naisc atá leabaithe sa doiciméad seo a bhrú

►B RIALACHÁN (AE) 2016/1076 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an 8 Meitheamh 2016

lena gcuirtear i bhfeidhm na socruithe do tháirgí de thionscnamh stát áirithe ar cuid iad de Ghrúpa Stát na hAfraice, Mhuir Chairib agus an Aigéin Chiúin (ACC) dá bhforáiltear i gcomhaontuithe lena mbunaítear comhaontuithe um chomhpháirtíocht eacnamaíoch, nó as a dtagann bunú na gcomhaontuithe sin

(athmhúnlú)

(IO L 185, 8.7.2016, lch. 1)

Arna leasú le:

		Iris Oifigiúil		
		Uimh	Leathanach	Dáta
►M1	Commission Delegated Regulation (EU) 2017/1550 of 14 July 2017 (*)	L 237	57	15.9.2017
►M2	Commission Delegated Regulation (EU) 2017/1551 of 14 July 2017 (*)	L 237	59	15.9.2017
►M3	Commission Delegated Regulation (EU) 2019/821 of 12 March 2019 (*)	L 134	12	22.5.2019
►M4	Commission Delegated Regulation (EU) 2019/2178 of 14 October 2019 (*)	L 330	2	20.12.2019
►M5	Commission Delegated Regulation (EU) 2020/1138 of 27 May 2020 (*)	L 248	1	31.7.2020

(*) Níor foilsíodh an gníomh seo i nGaeilge.

▼B

RIALACHÁN (AE) 2016/1076 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an 8 Meitheamh 2016

lena gcuirtear i bhfeidhm na socruithe do tháirgí de thionscnamh stát áirithe ar cuid iad de Ghrúpa Stát na hAfraice, Mhuir Chairib agus an Aigéin Chiúin (ACC) dá bhforáiltear i gcomhaontuithe lena mbunaítear comhaontuithe um chomhpháirtíocht eacnamaíoch, nó as a dtagann bunú na gcomhaontuithe sin

(athmhúnlú)

CAIBIDIL I

ÁBHAR, RAON FEIDHME AGUS ROCHTAIN AR MHARGAÍ

Airteagal 1

Ábhar

Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir leis na socruithe do tháirgí de thionscnamh stát áirithe atá mar chuid de Ghrúpa Stát na hAfraice, Mhuir Chairib agus an Aigéin Chiúin (ACC) dá bhforáiltear i gcomhaontuithe lena mbunaítear na comhaontuithe um chomhpháirtíocht eacnamaíoch, nó as a dtagann bunú na gcomhaontuithe sin.

Airteagal 2

Raon feidhme

1. Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le táirgí de thionscnamh réigiún agus stát atá liostaithe in Iarscríbhinn I.

2. Tugtar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 22 chun Iarscríbhinn I a leasú chun réigiúin nó stáit ó Ghrúpa Stát ACC a chur leis an Iarscríbhinn, ar réigiúin nó stáit iad a bhfuil caibidlíochtaí tugtha i gcrích acu maidir le comhaontú leis an Aontas a chomhlíonann ar a laghad ceanglais Airteagal XXIV de Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil 1994 (GATT 1994).

3. Fanfaidh réigiún nó stát ar an liosta in Iarscríbhinn I ach amháin má ghlacann an Coimisiún gníomh tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 22 lena leasaítear Iarscríbhinn I chun an réigiún nó an stát sin a bhaint den Iarscríbhinn sin, go háirithe sna cásanna seo a leanas:

(a) tá sé curtha in iúl ag an réigiún nó ag an stát go bhfuil sé beartaithe aige gan comhaontú a dhaingniú ar comhaontú é ar áiríodh an réigiún nó an stát sin in Iarscríbhinn I mar gheall air;

(b) níor daingníodh comhaontú ar áiríodh an réigiún nó an stát in Iarscríbhinn I mar gheall air laistigh de thréimhse réasúnta sa dóigh go bhfuil moill mhíchuí ar theacht i bhfeidhm an chomhaontuithe; nó

(c) tá an comhaontú foirceannta, nó tá a chearta agus a oibleagáidí faoin gcomhaontú foirceannta ag an réigiún nó ag an stát ach go bhfuil an comhaontú i bhfeidhm fósar shlí eile.

▼B

Airteagal 3

An chumhacht a tharmligean

Tugtar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 22 chun Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo a leasú trí na réigiúin nó na stáit sin ó Ghrúpa Stát ACC a baineadh d'Iarscríbhinn I faoi Rialachán (AE) Uimh. 527/2013 le Rialachán (CE) Uimh. 1528/2007, agus a bhfuil, ó baineadh di iad, na bearta is gá chun a gcomhaontuithe faoi seach a dhaingniú déanta acu a athshuíomh.

Airteagal 4

Rochtain ar mhargaí

1. Cuirfear deireadh le dleachtanna ar allmhairí i gcás gach táirge i gCaibidil 1 go Caibidil 97, cé is moite de Chaibidil 93, den Chóras Comhchuibhithe ar de thionscnamh réigiúin nó stáit atá liostaithe in Iarscríbhinn I é. Déanfar sin faoi réir an tsásra ghinearálta cosanta dá bhforáiltear in Airteagal 9 go hAirteagal 20.

2. I gcás tairgí Chaibidil 93 den Chóras Comhchuibhithe ar de thionscnamh réigiún nó stát iad atá liostaithe in Iarscríbhinn I, leanfaidh na dleachtanna náisiúin bharrfhabhair de bheith i bhfeidhm.

3. Ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir le táirgí de thionscnamh na hAfraice Theas. Beidh na táirgí sin faoi réir na bhforálacha ábhartha sa CTFC. Tugtar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 22 chun Iarscríbhinn a chur leis an Rialachán seo ina leagfar amach an córas is infheidhme maidir le táirgí de thionscnamh na hAfraice Theas a luaithe a ghlacfaidh na forálacha trádála ábhartha de chomhaontú lena mbunaítear CCE, nó as a dtagann bunú CCE, ionad na bhforálacha ábhartha de CTFC.

4. Ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir le táirgí faoi cheannteideal taraife 0803 00 19 atá de thionscnamh réigiúin nó stáit atá liostaithe in Iarscríbhinn I agus a scaoileadh chun saorchúrsaíochta sna réigiúin is forimeallaí den Aontas go dtí an 1 Eanáir 2018. Ní bheidh feidhm ag mír 1 den Airteagal seo agus ag Airteagal 8 maidir le táirgí faoi cheannteideal taraife 1701 atá de thionscnamh réigiúin nó stáit atá liostaithe in Iarscríbhinn I agus a scaoileadh chun saorchúrsaíochta sna ranna Francacha thar lear go dtí an 1 Eanáir 2018. Déanfar na tréimhsí sin a fhadú go dtí an 1 Eanáir 2028 mura gcomhaontófar a mhalairt idir na páirtithe sna comhaontuithe lena mbaineann. Foilseoidh an Coimisiún fógra in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* le páirtithe leasmhara a chur ar an eolas maidir le dul in éag na forála seo.

CAIBIDIL II

RIALACHA TIONSCNAIMH AGUS COMHAR RIARACHÁIN

Airteagal 5

Rialacha tionscnaimh

1. Beidh feidhm ag na rialacha tionscnaimh atá leagtha amach in Iarscríbhinn II chun a chinneadh an de thionscamh na réigiún nó na stát atá liostaithe in Iarscríbhinn I táirgí.

▼B

2. Glacfaidh na rialacha a bheidh i gceangal le haon chomhaontú a dhéanfar leis na réigiúin nó na stáit atá liostaithe in Iarscríbhinn I ionad na rialacha tionscnaimh atá leagtha amach in Iarscríbhinn II nuair a chuirfear an comhaontú sin i bhfeidhm go sealadach nó nuair a thiocfaidh sé i bhfeidhm, cibé acu is túisce. Foilseoidh an Coimisiún fógra in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* chun oibreoirí a chur ar an eolas maidir leis an dáta a chuirfear i bhfeidhm go sealadach é nó a thiocfaidh sé i bhfeidhm, arb é an dáta é óna bhfuil feidhm le bheith ag na rialacha tionscnaimh atá sa chomhaontú maidir le táirgí de thionscnamh na réigiún agus na stát atá liostaithe in Iarscríbhinn I.

3. Tugtar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 22 maidir le leasuithe teicniúla ar Iarscríbhinn II i gcás inar gá iad chun leasuithe ar reachtaíocht chustaim eile de chuid an Aontais a chur san áireamh.

4. Déanfar cinntí maidir le bainistiú Iarscríbhinn II a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 19(5).

Airteagal 6

Comhar riaracháin

1. I gcás ina bhfuil cinneadh déanta ag an gCoimisiún, ar bhonn fianaise oibiachtúil, nár cuireadh comhar riaracháin ar fáil agus/nó go raibh neamhrialtachtaí nó calaois ann, féadfaidh sé an deireadh a chuirtear leis na dleachtanna dá bhforáiltear in Airteagail 4, Airteagal 7 agus Airteagal 8 (“an chóir ábhartha”) a chur ar fionraí go sealadach i gcomhréir leis an Airteagal seo.

2. Chun críocha an Airteagail seo is éard a chiallaíonn mainneachtain comhar riaracháin a chur ar fáil, inter alia:

(a) gurb amhlaidh, arís is arís eile, nár urramaíodh na hoibleagáidí ábhartha lena gceanglaítear fíorú stádas tionscnaimh an táirge nó na dtáirgí lena mbaineann;

(b) gur diúltaíodh, arís is arís eile, an cruthúnas ar thionscnamh a fhíorú ina dhiaidh sin, nó go ndearnadh moill mhíchuí leis nó gur diúltaíodh, arís is arís eile, torthaí an fhíoraithe sin a chur ar aghaidh, nó go ndearnadh moill mhíchuí leis sin;

(c) gur diúltaíodh, arís is arís eile, údarú a fháil le misin chomhair riaracháin a dhéanamh chun barántúlacht doiciméad nó cruinneas faisnéise a fhíorú a bhaineann leis an gcóir ábhartha a dheonú, nó go ndearnadh moill mhíchuí leis.

Chun críocha an Airteagail seo, féadfar cinneadh a dhéanamh go raibh neamhrialtachtaí nó calaois ann, inter alia, má thagann méadú mear, gan míniú sásúil, ar allmhairiú earraí a sháraíonn gnáthleibhéal táirgeachta, agus acmhainn onnmhairithe, an réigiúin nó an stáit lena mbaineann.

3. I gcás ina bhfionnann an Coimisiún, ar bhonn faisnéise arna soláthar ag Ballstát nó ar thionscnamh an Choimisiúin féin, go bhfuil na coinníollacha a leagtar síos i mír 1 agus i mír 2 den Airteagal seo comhlíonta, féadfar an chóir ábhartha a chur a fhionraí i gcomhréir leis an nós imeachta comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 19(4), ar choinníoll go mbeidh an méid seo a leanas déanta ar dtús ag an gCoimisiún:

(a) an Coiste, dá dtagraítear in Airteagal 19(2), a bheith curtha ar an eolas aige;

(b) fógra a bheith tugtha aige don réigiún nó don stát lena mbaineann i gcomhréir le haon nósanna imeachta ábhartha is infheidhme idir an tAontas agus an réigiún nó an stát sin; agus

▼B

(c) fógra a bheith foilsithe aige in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ina ndeirtear go ndearnadh cinneadh nár cuireadh comhar riaracháin ar fáil nó go raibh neamhrialtachtaí nó calaois ann.

4. Ní faide an tréimhse fionraíochta faoin Airteagal seo ná an tréimhse sin atá riachtanach chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint. Ní rachaidh an tréimhse sin thar shé mhí, ach féadfar an tréimhse sin a athnuachan. Ag deireadh na tréimhse sin, cinnfidh an Coimisiún an ndéanfaidh sé an fhionraí a fhoirceannadh nó an bhfadóidh sé an tréimhse fionraíochta i gcomhréir leis an nós imeachta comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 19(4).

5. Glacfaidh na nósanna imeachta a bheidh leagtha amach in aon chomhaontú a dhéanfar leis na réigiúin nó na stáit atá liostaithe in Iarscríbhinn I ionad na nósanna imeachta fionraíochta sealadaí atá leagtha amach i mír 2, mír 3 agus mír 4 nuair a chuirfear an comhaontú sin i bhfeidhm go sealadach nó nuair a thiocfaidh sé i bhfeidhm, cibé acu is túisce. Foilseoidh an Coimisiún fógra in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh chun oibreoirí a chur ar an eolas. Sonrófar san fhógra an dáta a chuirfear i bhfeidhm go sealadach é nó a thiocfaidh sé i bhfeidhm, arb é an dáta é óna bhfuil feidhm le bheith ag na nósanna imeachta fionraíochta sealadaí atá sa chomhaontú maidir le táirgí a chumhdaítear faoin Rialachán seo.

6. Chun an fhionraí shealadach dá bhforáiltear in aon chomhaontú leis na réigiúin nó na stáit atá liostaithe in Iarscríbhinn I a chur chun feidhme, déanfaidh an Coimisiún, gan moill mhíchuí:

(a) an Coiste dá dtagraítear in Airteagal 19(2) a chur ar an eolas go ndearnadh cinneadh nár cuireadh comhar riaracháin ar fáil nó go raibh neamhrialtachtaí nó calaois ann; agus

(b) fógra a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ina ndeirtear go ndearnadh cinneadh nár cuireadh comhar riaracháin ar fáil nó go raibh neamhrialtachtaí nó calaois ann.

Maidir leis an gcinneadh chun an chóir ábhartha a fhionraí, glacfar é i gcomhréir leis an nós imeachta comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 19(4).

CAIBIDIL III

SOCRUITHE IDIRTHRÉIMHSEACHA

ROINN 1

Rís

Airteagal 7

Ráta taraife dleachta nialasaí

Ní fhorchuirfear aon dleachtanna ar allmhairí i gcás táirgí faoi cheannteideal taraife 1006.

ROINN 2

Siúcra

Airteagal 8

Ráta taraife dleachta nialasaí

Ní fhorchuirfear aon dleachtanna ar allmhairí i gcás táirgí faoi cheannteideal taraife 1701.

▼B

CAIBIDIL IV

FORÁLACHA COSANTA GINEARÁLTA

Airteagal 9

Sainmhínithe

Chun críocha na Caibidle seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) ciallaíonn "tionscal an Aontais" táirgeoirí an Aontais ina n-iomláine a tháirgeann táirgí comhchosúla nó táirgí dír-iomaíocha agus a oibríonn laistigh de chríoch an Aontais, nó na táirgeoirí sin de chuid an Aontais a bhfuil a gcomh-aschur de tháirge comhchosúil nó de tháirge dír-iomaíoch ina chion mór de tháirgeacht iomlán an Aontais de na táirgí sin;

(b) ciallaíonn "mórdhíobháil" lagú suntasach foriomlán ar sheasamh thionscal an Aontais;

(c) ciallaíonn "bagairt mórdhíobhála" mórdhíobháil ar léir go bhfuil sí ar tí tarlú;

(d) ciallaíonn "suaitheadh" mí-ord in earnáil nó i dtionscal;

(e) ciallaíonn "bagairt suaite" suaitheadh ar léir go bhfuil sé ar tí tarlú.

Airteagal 10

Na prionsabail

1. Féadfar beart cosanta a fhorchur i gcomhréir leis na forálacha atá leagtha amach sa Chaibidil seo i gcás ina bhfuil táirgí de thionscnamh réigiún nó stát atá liostaithe in Iarscríbhinn I á n-allmhairiú isteach san Aontas i gcainníochtaí a bhfuil méadú fúthu agus i ndálaí a spreagfadh aon cheann de na nithe seo a leanas, nó a bhagródh iad a spreagadh:

(a) mórdhíobháil do thionscal an Aontais;

(b) suaitheadh in earnáil den gheilleagar, go háirithe más cúis mórfhadhbanna sóisialta nó deacrachtaí a d'fhéadfadh meathlú tromchúiseach a tharraingt ar staid eacnamaíoch an Aontais é an suaitheadh sin; nó

(c) suaitheadh i margaí na dtáirgí talmhaíochta atá clúdaithe ag Iarscríbhinn I de Chomhaontú na hEagraíochta Domhanda Trádála maidir le Talmhaíocht nó sásraí lena rialáiltear na margaí sin.

2. I gcásanna ina bhfuil táirgí de thionscnamh réigiún nó stát atá liostaithe in Iarscríbhinn I á n-allmhairiú isteach san Aontas i gcainníochtaí a bhfuil méadú fúthu de shórt agus i ndálaí a spreagfadh suaitheadh i staid eacnamaíoch ceann amháin nó níos mó de na réigiúin is forimeallaí den Aontas nó a bhagródh an suaitheadh sin a spreagadh, féadfar beart cosanta a fhorchur i gcomhréir leis na forálacha atá leagtha amach sa Chaibidil seo.

Airteagal 11

Na coinníollacha ina bhforchuirfear bearta cosanta a chinneadh

1. Cuimseofar na cúinsí seo a leanas, inter alia, agus cinneadh á dhéanamh an bhfuil mórdhíobháil nó bagairt mórdhíobhála ann:

▼B

(a) méid na n-allmhairithe, go háirithe i gcás méadú suntasach, bíodh sé sin ina dhearbhmhéadú nó ina mhéadú i gcoibhneas le táirgeacht nó le tomhaltas san Aontas;

(b) praghas na n-allmhairí, go háirithe i gcás inar gearradh go suntasach faoi bhun praghsanna i gcomparáid le praghas táirge chomhchosúil san Aontas;

(c) an tionchar a imreofar dá droim ar thionscal an Aontais mar atá léirithe ag treochtaí i gcúinsí eacnamaíocha áirithe amhail táirgeacht, úsáid acmhainne, stoic, díolacháin, sciar den mhargadh, ísliú ar phraghsanna nó cosc ar na méaduithe praghsanna ba dhual tarlú, brabúis, toradh ar chaipiteal arna úsáid, sreabhadh airgid thirim, agus fostaíocht;

(d) cúinsí, seachas treochtaí in allmhairiú, ar cúis le díobháil do thionscal an Aontais lena mbaineann atá nó a bhí iontu.

2. Beidh an cinneadh maidir le suaitheadh nó bagairt suaite ar bhonn cúinsí oibiachtúla, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

(a) an dearbhmhéadú nó an méadú coibhneasta ar mhéid na n-allmhairithe i gcomparáid le táirgeacht san Aontas agus le hallmhairí ó fhoinsí eile; agus

(b) éifeacht na n-allmhairithe sin ar phraghsanna; nó

(c) éifeacht na n-allmhairithe sin ar thionscal an Aontais nó ar an earnáil eacnamaíoch lena mbaineann i dtaca, inter alia, leis an éifeacht ar leibhéil díolacháin, ar tháirgeacht, ar staid airgeadais agus ar fhostaíocht.

3. Agus cinneadh á dhéanamh an bhfuil allmhairiú á dhéanamh faoi dhálaí arb amhaidh go spreagann siad suaitheadh i margaí táirgí talmhaíochta nó sna sásraí lena rialáiltear na margaí sin nó a bhagraíonn é a spreagadh, lena n-áirítear rialacháin lena gcruthaítear omheagruithe margaidh (CEManna), déanfar gach cúinse oibiachtúil ábhartha a chur san áireamh, lena n-áirítear ceann amháin nó níos mó de na nithe seo a leanas:

(a) méid na n-allmhairithe i gcomparáid, de réir mar a bheidh, leméid táirgeachta inmheánaí agus tomhaltais inmheánaigh a bhí ann i mblianta féilire nó margaíochta roimhe sin, agus leis na leibhéil atá pleanáilte amach anseo i gcomhréir le hathchóiriú na gCEManna;

(b) leibhéal na bpraghsanna inmheánacha i gcomparáid leis na praghsanna tagartha nó sprice más infheidhme, agus, murab infheidhme sin, i gcomparáid le meánphraghsanna an mhargaidh inmheánaigh le linn na tréimhse céanna i mblianta margaíochta roimhe sin;

(c) i margaí na dtáirgí faoi cheannteideal taraife 1701, cásanna ina dtitfidh meánphraghas margaidh an Aontais ar shiúcra bán le linn dhá mhí as a chéile faoi bhun 80 % de mheánphraghas margaidh an Aontais ar shiúcra bán mar a bhí sé le linn na bliana margaíochta roimhe sin.

4. Agus cinneadh á dhéanamh an bhfuil na coinníollacha dá dtagraítear i mír 1, mír 2 agus mír 3 i gcás na réigiún is forimeallaí den Aontas ann comhlíonta, beidh an anailís srianta do chríoch an réigiúin nó na réigiún is forimeallaí nó réigiúin lena mbaineann. Tabharfar aird ar leith ar mhéid an tionscail áitiúil, ar a staid airgeadais agus ar an staid fostaíochta.

▼B

Airteagal 12

Imeachtaí a thionscnamh

1. Déanfar imscrúdú a thionscnamh arna iarraidh sin do Bhallstát nó ar thionscnamh an Choimisiúin é féin, más dealraitheach don Choimisiún gur leor an fhianaise atá ann le bonn cirt a thabhairt leis an tionscnamh sin.

2. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas más dealraitheach go léiríonn treochtaí san allmhairiú ó aon cheann de na réigiúin nó na stáit atá liostaithe in Iarscríbhinn I go bhfuil gá le bearta cosanta. Áireofar san fhaisnéis sin an fhianaise atá ar fáil, arna chinneadh sin ar bhonn na gcritéar atá leagtha síos in Airteagal 11. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin ar aghaidh chuig gach Ballstát laistigh de thrí lá oibre tar éis é fháil.

3. I gcás inar dealraitheach go bhfuil dóthain fianaise ann chun bonn cirt a thabhairt le himeachtaí a thionscnamh, foilseoidh an Coimisiún fógra in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Tionscnófar imeachtaí laistigh d'aon mhí amháin tar éis dháta an fhaisnéis a fháil ó Bhallstát.

Cuirfidh an Coimisiún faisnéis ar fáil do na Ballstáit maidir lena anailís ar an bhfaisnéis de ghnáth laistigh de 21 lá ón dáta ar a gcuirtear an fhaisnéis ar fáil don Choimisiún.

4. Má bhíonn an Coimisiún den tuairim go bhfuil aon cheann de na himthosca atá leagtha amach in Airteagal 10 ann, tabharfaidh sé fógra gan mhoill don réigiún nó do na stáit lena mbaineann atá liostaithe in Iarscríbhinn I go bhfuil sé ar intinn aige imscrúdú a thionscnamh. Féadfaidh cuireadh chuig comhairliúcháin d'fhonn an cás a shoiléiriú agus teacht ar réiteach atá sásúil gofrithpháirteach bheith leis an bhfógra.

Airteagal 13

Imscrúdú

1. Tar éis thionscnamh na n-imeachtaí, cuirfidh an Coimisiún tús le himscrúdú.

2. Féadfaidh an Coimisiún a iarraidh ar na Ballstáit faisnéis a a chur ar fáil agus déanfaidh na Ballstáit cibé beart is gá chun éifeacht a thabhairt d' iarraidh den chineál sin. I gcás inar faisnéis de chineál leasa ghinearálta í nó i gcás ina n-iarrfaidh Ballstát a tarchur, cuirfidh an Coimisiún ar aghaidh chuig gach Ballstát í ar chuntar nach faisnéis rúnda atá inti; má tá sí rúnda, cuirfidh an Coimisiún achoimre neamhrúnda ar aghaidh.

3. I gcás imscrúdú atá srianta do réigiún is forimeallaí de chuid an Aontais, féadfaidh an Coimisiún iarraidh ar na húdaráis inniúla áitiúla an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 2 a chur ar fáil tríd an mBallstáit lena mbaineann.

4. A oiread is féidir, cuirfear an t-imscrúdú i gcrích laistigh de shé mhí tar éis a thionscanta. In imthosca eisceachtúla, féadfar tréimhse trí mhí eile a chur leis an teorainn ama sin.

Airteagal 14

Bearta cosanta sealadacha a chur i bhfeidhm

1. Déanfar bearta cosanta sealadacha a chur i bhfeidhm i gcúinsí géibheannacha i gcás ina mbeadh moill ina cúis le damáiste nach bhféadfaí a chur ina cheart gan dua, de bhun réamhchinnidh go bhfuil

▼B

aon cheann de na tosca a leagtar amach in Airteagal 10 ann. Glacfar bearta cosanta sealadacha den sórt sin i gcomhréir leis an nós imeachta comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 19(4) nó i gcásanna práinne, i gcomhréir le hAirteagal 19(6).

2. I bhfianaise chás áirithe na réigiún is forimeallaí de chuid an Aontais agus a leochaileacht má tharlaíonn aon bhorradh ar allmhairithe, cuirfear bearta cosanta sealadacha i bhfeidhm le linn nósanna imeachta a bhaineann leo nuair a bheidh sé léirithe le réamhchinneadh go bhfuil méadú tagtha ar allmhairithe. Glacfar na bearta cosanta sealadacha sin i gcomhréir leis an nós imeachta comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 19(4) nó i gcásanna práinne, i gcomhréir le hAirteagal 19(6).

3. I gcás ina n-iarrfaidh Ballstát ar an gCoimisiún idirghabháil a dhéanamh gan mhoill agus i gcás ina mbeidh na coinníollacha a leagtar síos i mír 1 nó i mír 2 comhlíonta, déanfaidh an Coimisiún cinneadh laistigh de chúig lá oibre tar éis dó an iarraidh a fháil.

4. Féadfaidh bearta cosanta sealadacha a bheith i bhforim méadú ar an dleacht chustaim ar an táirge lena mbaineann suas le leibhéal nach mó ná an dleacht custaim a chuirtear i bhfeidhm maidir le comhaltaí eile de EDT, nó cuótaí taraife.

5. Ní bheidh feidhm ag bearta cosanta sealadacha ar feadh tréimhse níos faide ná 180 lá. I gcás ina mbeidh bearta sealadacha srianta do na réigiúin is forimeallaí, ní bheidh feidhm acu ar feadh tréimhse is faide ná 200 lá.

6. I gcás ina n-aisghairtear na bearta cosanta toisc go léirítear san imscrúdú nach bhfuil na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 10 agus in Airteagal 11 comhlíonta, déanfar aon dleacht a bailíodh mar thoradh ar na bearta sin a aisíoc go huathoibríoch.

Airteagal 15

Imeachtaí agus imscrúduithe a fhoirceannadh gan bearta a ghlacadh

Más rud égo meastar nach bhfuil gá le bearta cosanta, foirceannfar na himeachtaí agus an t-imscrúdú i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 19(5).

Airteagal 16

Bearta cinntitheacha cosanta a fhorchur

1. I gcás ina léireoidh na fíorais, faoi mar a shuífear faoi dheireadh iad, go bhfuil aon cheann de na himthosca ann atá leagtha amach in Airteagal 10, de réir mar is iomchuí, iarrfaidh an Coimisiún comhairliúcháin leis an réigiún nó leis an stát lena mbaineann agus tiocfaidh siad le chéile faoi réir an tsocraithe institiúidigh is iomchuí arna chur ar bun sna comhaontuithe ábhartha lena gceadaítear réigiún nó stát a áireamh in Iarscríbhinn I d'fhonn teacht ar réiteach atá sásúilgo frithpháirteach.

2. Mura mbeidh réiteach atá sásúil go frithpháirteach mar thoradh ar na comhairliúcháin dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo laistigh de 30 lá ón ábhar a chur faoi bhráid an réigiúin nó an stáit lena mbaineann, déanfaidh an Coimisiún cinneadh bearta cosanta cinntitheacha a fhorchur i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 19(5) laistigh de 20 lá oibre ó dheireadh na tréimhse comhairliúcháin.

▼B

3. Féadfaidh bearta cosanta cinntitheacha ceann de na foirmeacha seo a leanas a ghlacadh:

(a) fionraí ar tuilleadh laghdaithe ar an ráta dleachta ar allmhairiú an táirge lena mbaineann de thionscnamh an réigiúin nó an stáit lena mbaineann;

(b) méadú ar an dleacht chustaim ar an táirge lena mbaineann suas le leibhéal nach mó ná an dleacht chustaim a chuirtear i bhfeidhm maidir le comhaltaí eile den Eagraíocht Dhomhanda Trádála;

(c) cuóta taraife.

4. Ní chuirfear aon bheart cosanta cinntitheach i bhfeidhm ar tháirge ar leith ó réigiún nó ó stát ar leith go ceann bliana ar a laghad tar éis na bearta roimhe sin den sórt céanna a cuireadh i bhfeidhm ar an táirge céanna a bheith dulta i léig nó bainte.

Airteagal 17

Fad na mbeart cosanta agus athbhreithniú orthu

1. Ní fhanfaidh beart cosanta i bhfeidhm ach go ceann cibé tréimhse ama a mbeidh gá léi chun an mhórdhíobháil nó an suaitheadh a chosc nó a leigheas. Ní rachaidh an tréimhse sin thar dhá bhliain, lena n-áirítear fad aon bhirt shealadaigh, mura rud é go bhfadófar i gcomhréir le mír 2 í. I gcás ina mbeidh an beart srianta do réigiún amháin nó roinnt de na réigiúin is forimeallaí den Aontas, ní mhairfidh an tréimhse cur i bhfeidhm níos mó ná ceithre bliana.

2. Féadfar fad tosaigh birt cosanta a fhadú go heisceachtúil ar choinníoll go gcinnfear go bhfuil gá i gcónaí leis an mbeart cosanta chun mórdhíobháil nó suaitheadh a chosc nó a leigheas.

3. Déanfar faduithe a ghlacadh i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar amach sa Rialachán seo is infheidhme i leith imscrúduithe úsáidfear na nósanna imeachta céanna agus a úsáidtear sna bearta tosaigh.

Ní fhéadfaidh fad iomlán an bhirt cosanta dul thar cheithre bliana, lena n-áirítear aon bheart sealadach. I gcás beart a bheidh srianta do cheann amháin nó roinnt ceann de na réigiúin is forimeallaí de chuid an Aontais, ocht mbliana a bheidh sa teorainn ama sin.

4. Más faide an beart cosanta ná bliain, déanfar é a léirscaoileadh de réir a chéile go tráthrialta le linn a thréimhse cur i bhfeidhm, lena n-áirítear aon fhadú air.

Déanfar comhairliúcháin leis an réigiún nó leis an stát lena mbaineann a reáchtáil go tréimhsiúil sna comhlachtaí institiúideacha iomchuí a cuireadh ar bun faoi na comhaontuithe ábhartha, d'fhonn clár ama a leagan síos chun deireadh a chur le bearta cosanta a luaithe is féidir de réir na n-imthosca.

Airteagal 18

Bearta faireachais

1. I gcás ina bhfuil an treocht maidir le hallmhairiú táirge de thionscnamh Stát ACC de shórt a fhágann go bhféadfadh aon cheann de na tosca dá dtagraítear in Airteagal 10 leanúint as allmhairí den sórt sin, féadfar allmhairiú an táirge sin a chur faoi réir réamhfhaireachas an Aontais.

▼B

2. Déanfaidh an Coimisiún an cinneadh bearta faireachais a fhorchur i gcomhréir leis an nós imeachta comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 19(4).

3. Beidh tréimhse theoranta bailíochta ag bearta faireachais. Mura rud é go bhforáiltear dá mhalairt, scoirfidh siad de bhailíocht a bheith acu ag deireadh an dara tréimhse sé mhí tar éis na chéad sé mhí i ndiaidh thabhairt isteach na mbeart.

4. Féadfar bearta faireachais a shrianadh do chríoch ceann amháin nó roinnt de na réigiúin is forimeallaí den Aontas, más gá.

5. Déanfar an cinneadh bearta faireachais a fhorchur a chur in iúl gan mhoill don chomhlacht institiúideach iomchuí arna chur ar bun sna comhaontuithe ábhartha lena gceadaítear réigiún nó stát a áireamh in Iarscríbhinn I.

Airteagal 19

An nós imeachta coiste

1. Chun críocha Airteagail 14, 15, 16 agus 18 den Rialachán seo, déanfaidh an Coiste um Choimircí arna bhunú le hAirteagal 3(1) de Rialachán (AE) 2015/478 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]) cúnamh a thabhairt don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. Chun críocha Airteagal 5 agus Airteagal 6 den Rialachán seo agus chun críocha Airteagail 6(11) agus (13) agus Airteagal 36(4) d'Iarscríbhinn II den Rialachán seo, déanfaidh an Coiste um an gCód Custaim arna bhunú le hAirteagal 285(1) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle cúnamh a thabhairt don Choimisiún ([2]). Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

3. Chun críocha Airteagail 7 agus 8 den Rialachán seo, déanfaidh an Coiste um Chomheagrú na Margaí Talmhaíochta arna bhunú le hAirteagal 229(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle cúnamh a thabhairt don Choimisiún ([3]). Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

4. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

5. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

([1]) Rialachán (AE) 2015/478 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2015 maidir le comhrialacha d'allmhairí (IO L 83, 27.3.2015, lch. 16).

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1).

([3]) Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007) ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 671).

▼B

6. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 8 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 i dteannta Airteagal 4 den Rialachán sin.

Airteagal 20

Bearta eisceachtúla a mbeidh a gcur i bhfeidhm teoranta de réir críche

I gcás ina dtiocfaidh sé chun cinn go bhfuil na coinníollacha atá leagtha síos le haghaidh bearta cosanta a ghlacadh comhlíonta i mBallstát amháin nó níos mó, féadfaidh an Coimisiún, tar éis dó réitigh mhalartacha a scrúdú, a údarú go heisceachtúil go gcuirfear bearta faireachais nó cosanta i bhfeidhm a bheidh srianta don Bhallstát nó do na Ballstáit lena mbaineann má mheasann sé gurb iomchuí bearta den sórt sin a chur i bhfeidhm ar an leibhéal sin ná bearta a chur i bhfeidhm ar fud an Aontais. Ní mór ré a leagtar síos go dian a bheith leis na bearta sin agus, a mhéid is féidir, ní dhéanfaidh siad an margadh inmheánach a shuaitheadh.

CAIBIDIL V

FORÁLACHA NÓS IMEACHTA

Airteagal 21

Oiriúnú d'fhorbairtí teicniúla

Tugtar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 22 maidir le leasuithe teicniúla ar Airteagal 6 agus ar Airteagal 9 go hAirteagal 20 a bhféadfaidh gá a bheith leo de thoradh difríochtaí idir an Rialachán seo agus comhaontuithe a síneofar le gcur i bhfeidhm go sealadach nó a a chuirfear i gcrích i gcomhréir le hAirteagal 218 CFAE leis na réigiúin nó na stáit a liostaítear in Iarscríbhinn I.

Airteagal 22

An tarmligean a fheidhmiú

1. Tugtar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo.

2. Tabharfar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 3 go ceann tréimhse 5 bliana amhail ón 21 Meitheamh 2013 agus tabharfar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 2(2) agus (3), Airteagal 4(3), Airteagal 5(3) agus Airteagal 21 a thabhairt go ceann tréimhse 5 bliana ón 20 Feabhra 2014. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná naoi mí roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuirfidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh fadaithe den sórt sin tráth nach déanaí ná trí mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 2(2) agus (3), in Airteagal 3, Airteagal 4(3), Airteagal 5(3) agus in Airteagal 21 a chúlghairm tráth ar bith. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe

▼B

sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar ann. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin.

4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos sa Chomhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra ina leith go comhuaineach do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlacfar de bhun Airteagal 3, Airteagal 4(3), Airteagal 5(3) nó Airteagal 21 i bhfeidhm ach amháin más rud é nár chuir Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle ina choinne laistigh de thréimhse dhá mhí ó cuireadh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas faoin ngníomh sin nó sula dtéann an tréimhse sin in éag, má tá sé curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle araon don Choimisiún, nach gcuirfidh siad ina choinne. Cuirfear dhá mhí leis an tréimhse sin ar thionscnamh Pharlaimint ná hEorpa nó na Comhairle.

7. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 2(2) agus (3) i bhfeidhm ach amháin más rud é nár chuir Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle ina choinne laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle a chur ar an eolas faoin ngníomh sin nó, más rud é, sula rachaidh an tréimhse sin in éag, go gcuirfidh ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle araon in iúl don Choimisiún nach gcuirfidh siad ina choinne. Cuirfear ceithre mhí leis an tréimhse sin ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

Airteagal 23

Tuarascáil

Déanfaidh an Coimisiún faisnéis a áireamh maidir le cur chun bhfeidhm an Rialacháin seo ina thuarascáil bhliantúil maidir le bearta cosanta trádála a chur i bhfeidhm agus a chur chun feidhme chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle de bhun Airteagal 22a de Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 ón gComhairle ([1]).

CAIBIDIL VI

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 24

Aisghairm

Aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1528/2007.

Déanfar tagairtí don Rialachán aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil a leagtar amach in Iarscríbhinn IV.

([1]) Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Chomhphobal Eorpach iad (IO L 343, 22.12.2009, lch. 51).

▼B

Airteagal 25

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

▼B

IARSCRÍBHINN I

LIOSTA NA RÉIGIÚN NÓ NA STÁT A BHFUIL CAIBIDLÍOCHT TUGTHA I GCRÍCH ACU DE RÉIR BHRÍ AIRTEAGAL 2(2)

ANTIGUA AGUS BARBÚDA

COMHLATHAS NA mBAHÁMAÍ

BARBADÓS

AN BHEILÍS

POBLACHT NA BOTSUÁINE

POBLACHT CHAMARÚN

▼M4

THE UNION OF COMOROS

▼B

POBLACHT AN CHÓSTA EABHAIR

COMHLATHAS DHOIMINICE

AN PHOBLACHT DHOIMINICEACH

POBLACHT FHIDSÍ

POBLACHT GHÁNA

GREANÁDA

COMHARPHOBLACHT NA GUÁINE

IAMÁICE

POBLACHT NA CÉINIA

▼M2

THE KINGDOM OF LESOTHO

▼B

POBLACHT MHADAGASCAR

POBLACHT OILEÁN MHUIRÍS

▼M2

THE REPUBLIC OF MOZAMBIQUE

▼B

POBLACHT NA NAIMIBE

STÁT NEAMHSPLEÁCH NUA-GHUINE PHAPUA

CÓNAIDHM SAN CRÍOSTÓIR-NIMHEAS

SAINT LUCIA

SAN UINSEANN AGUS NA GREANÁIDÍNÍ

▼M3

THE INDEPENDENT STATE OF SAMOA

▼B

POBLACHT NA SÉISÉAL

▼M5

SOLOMON ISLANDS

▼B

POBLACHT SHURANAM

RÍOCHT NA SUASALAINNE

POBLACHT OILEÁN NA TRÍONÓIDE AGUS TOBÁGA

POBLACHT NA SIOMBÁIBE

▼B

IARSCRÍBHINN II

Rialacha tionscnaimh

MAIDIR LE SAINMHÍNIÚ AN CHOINCHEAPA “TAIRGÍ TIONSCAIMH” AGUS MODHANNA COMHAIR RIARACHÁIN

TEIDEAL I: Forálacha Ginearálta

Airteagail

1. Sainmhínithe

TEIDEAL II: Sainmhíniú an choincheapa “táirgí tionscnaimh”

Airteagail

2. Ceanglais ghinearálta

3. Táirgí a fuarthas go hiomlán

4. Táirgí ar a ndearnadh leoroibriú nó leorphróiseáil

5. Oibríochtaí easpacha oibrithe nó próiseála

6. Carnadh tionscaimh

7. Aonad incháilitheachta

8. Gabhálais, páirteanna spártha agus uirlisí

9. Tacair

10. Eilimintí neodracha

TEIDEAL III: Ceanglais chríche

Airteagail

11. Prionsabal an chríochachais

12. Dír-iompar

13. Taispeántais

TEIDEAL IV: Cruthúnas tionscnamh

Airteagail

14. Ceanglais ghinearálta

15. Nós imeachta maidir le deimhniú gluaiseachta EUR.1 a eisiúint

16. Deimhnithe gluaiseachta EUR.1 a eisítear go cúlghabhálach

17. Dúblach de dheimhniú gluaiseachta EUR.1 a eisiúint

18. Deimhnithe gluaiseachta EUR.1 a eisiúint ar bhonn cruthúnais ar thionscnamh a eisítear nó a tharraingítear suas roimh ré

19. Coinníollacha maidir le dearbhú sonraisc a dhréachtú

20. Onnmhaireoir formheasta

21. Bailíocht an chruthúnais ar thionscnamh

22. Nós imeachta idirthurais

▼B

23.	Cruthúnas ar thionscnamh a chur isteach
24.	Allmhairiú i dtráthchodanna
25.	Díolúintí ó chruthúnas ar thionscnamh
26.	Nós imeachta faisnéise maidir le carnadh
27.	Doiciméid tacaíochta
28.	Cruthúnas ar thionscnamh agus doiciméid tacaíochta a chaomhnú
29.	Neamhréitigh agus earráidí foirmiúla
30.	Suimeanna arna rá in euro
TEIDEAL V:	Socruithe maidir le comhar riaracháin
Airteagail	
31.	Cúnamh frithpháirteach
32.	Cruthúnais ar thionscnamh a fhíorú
33.	Dearbhuithesoláthraithe a fhíorú
34.	Pionóis
35.	Saorchriosanna
36.	Maoluithe
TEIDEAL VI:	Ceuta agus Melilla
Airteagail	
37.	Coinníollacha speisialta
TEIDEAL VII:	Forálacha críochnaitheacha
Airteagail	
38.	Aguisíní
INNÉACS	
AGUISÍNÍ	
AGUISÍN 1:	Réamhnótaí leis an liosta atá in Iarscríbhinn 2
AGUISÍN 2:	Liosta den oibriú nó den phróiseáil is gá a dhéanamh ar ábhair neamhthionscnaimh chun go bhfaighidh an táirge a dhéanfar astu stádas táirge tionscnaimh
AGUISÍN 2A:	Maoluithe ar an liosta den oibriú nó den phróiseáil is gá a dhéanamh ar ábhair neamhthionscnaimh chun go chun go bhfaighidh an táirge a dhéanfar astu stádas táirge tionscnaimh i gcomhreir le hAirteagal 4 den Iarscríbhinn seo.
AGUISÍN 3:	Foirm le haghaidh deimhniú gluaiseachta EUR.1
AGUISÍN 4:	Dearbhú sonraisc
AGUISÍN 5 A:	Dearbhú soláthraí maidir le táirgí a bhfuil stádas tionscnaimh fabhrach acu

▼B

AGUISÍN 5 B:	Dearbhú soláthraí le haghaidh táirgí nach bhfuil stádas tionscnaimh fabhrach acu
AGUISÍN 6:	Deimhniú faisnéise
AGUISÍN 7:	Táirgí nach mbeidh feidhm ag Airteagal 6(5) den Iarscríbhinn seo maidir leo
AGUISÍN 8:	Táirgí iascaigh nach mbeidh feidhm ag Airteagal 6(5) den Iarscríbhinn seo maidir leo go ceann tamaill
AGUISÍN 9:	Tíortha comharsanachta atá i mbéal forbartha
AGUISÍN 10:	Táirgí a mbeidh feidhm ag na forálacha carntha dá dtagraítear in Airteagal 2(2) agus Airteagal 6(1) agus (2) den Iarscríbhinn seo maidir leo tar éis an 1 Deireadh Fómhair 2015 agus nach mbeidh feidhm ag Airteagail 6(5), 6(9) agus 6(12) maidir leo.
AGUISÍN 11:	Táirgí nach mbeidh feidhm ag forálacha Airteagal 6(5), (9) agus (12) den Iarscríbhinn seo maidir leo.
AGUISÍN 12:	Tíortha agus críocha thar lear

TEIDEAL I

FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 1

Sainmhínithe

Chun críocha na hIarscríbhinne seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) ciallaíonn “monarú” aon chineál oibrithe nó próiseála lena n-áirítear cur le chéile nó oibríochtaí sonracha

(b) ciallaíonn “ábhar” aon chomhábhar, aon amhábhar, aon chomhpháirt nó aon pháirt etc. a úsáidtear le linn mhonarú an táirge;

(c) ciallaíonn “táirge” an táirge atáthar a mhonarú, fiú má tá sé ceaptha lena úsáid ina dhiaidh sin in oibríocht mhonarúcháin eile;

(d) ciallaíonn “earraí” ábhair agus táirgí araon;

(e) ciallaíonn “luach custaim” an luach ar cinneadh i gcomhréir leis an gComhaontú a rinneadh i 1994 maidir le hAirteagal VII de GATT1994 (Comhaontú na hEagraíochta Domhanda Trádála maidir le luacháil chustaim);

(f) ciallaíonn “praghas díreach ón monarcha” an praghas a íoctar as an táirge díreach ón monarcha leis an monaróir a ndéantar an t-oibriú deireanach nó an phróiseáil dheireanach ina ghnóthas, ar choinníoll go bhfuil luach na n-ábhar uile arna n-úsáid cuimsithe sa phraghas sin, lúide aon chánacha inmheánacha a aisíoctar, nó is féidir a aisíoc, nuair a dhéantar an táirge sin a fuarthas a onnmhairiú;

(g) ciallaíonn “luach na n-ábhar” an luach custaim tráth a allmhairítear na hábhair neamhthionscnaimh arna n-úsáid, nó, murab eol sin agus nach féidir é a fháil amach, ciallaíonn sé an chéad phraghas infhíoraithe a íocadh as na hábhair sa chríoch lena mbaineann;

▼B

(h) ciallaíonn “luach na n-ábhar tionscnaimh” luach na n-ábhar sin atá sainmhínithe i bpointe (g) arna chur i bhfeidhm *mutatis mutandis*;

(i) ciallaíonn “breisluach” an praghas díreach ón monarcha lúide luach custaim ábhar a allmhairíodh isteach san Aontas nó sna Stáit ACC;

(j) ciallaíonn “caibidlí” agus “ceannteidil” na caibidlí agus na ceannteidil (cóid ceithre dhigit) a úsáidtear san ainmníocht arb í an córas tuairiscithe agus códaithe tráchtearraí comhchuibhithe í, dá ngairtear “an Córas Comhchuibhithe” nó “CC” san Iarscríbhinn seo;

(k) tagraíonn “aicmithe” d'aicmiú táirge nó ábhair faoi cheannteideal áirithe;

(l) ciallaíonn “coinsíneacht” táirgí a chuirtear go comhuaineach ó aon onnmhaireoir amháin chuig aon choinsíní amháin nó atá clúdaithe ag aon doiciméad iompair amháin lena gclúdaítear seoladh na dtáirgí sin ón onnmhaireoir chuig an gcoinsíní nó, de cheal doiciméad den sórt sin, atá clúdaithe ag aon sonrasc amháin;

(m) ciallaíonn “críocha”, críocha lena n-áirítear uiscí teorann

(n) ciallaíonn “TCTL” na tíorthaa gus na críocha thar lear mar atá sainithe in Aguisín 12.

TEIDEAL II

AN SAINMHÍNIÚ AR AN gCOINCHEAP “TÁIRGÍ TIONSCNAIMH”

Airteagal 2

Ceanglais ghinearálta

1. Chun críche an Rialacháin seo, measfar gur de thionscnamh na Stát ACC atá liostaithe in Iarscríbhinn I, dá ngairtear “Stáit ACC” feasta chun críche na hIarscríbhinne seo:

(a) ábhair a fuarthas go hiomlán sna Stáit ACC de réir bhrí Airteagal 3 den Iarscríbhinn seo;

(b) ábhair a fuarthas sna Stáit ACC ina bhfuil ábhair nach bhfuarthas go hiomlán iontu, ar choinníoll gur leor an t-oibriú nó an phróiseáil a rinneadh orthu sna Stát ACC de réir bhrí Airteagal 4 den Iarscríbhinn seo.

2. Chun críche chur chun feidhme Airteagal 1, measfar gur aon chríoch amháin atá i gcríocha na Stát ACC.

Ábhair thionscnaimh atá déanta as ábhair a fuarthas go hiomlán nó ar leor an t-oibriú nó an phróiseáil a rinneadh orthu i gceann amháin nó níos mó de na Stáit ACC, measfar gur táirgí iad de thionscnamh an Stáit ACC ina ndearnadh an t-oibriú deireanach nó an phróiseáil dheireanach, ar choinníoll gur mó an t-oibriú nó an phróiseáil a rinneadh ná na hoibríochtaí atá luaite in Airteagal 5 den Iarscríbhinn seo.

3. I gcás táirgí atá liostaithe in Aguisín 10, ní bheidh feidhm ag mír 2 ach tar éis an 1 Deireadh Fómhair 2015.

Airteagal 3

Táirgí a fuarthas go hiomlán

1. Measfar go bhfuarthas na táirgí seo a leanas go hiomlán sna Stáit ACC nó san Aontas:

(a) táirgí mianracha a eastóscadh as ithir nó as grinneall na farraige na gcríoch sin;

▼B

(b) táirgí plandúla a baineadh sna críocha sin;

(c) ainmhithe beo a rugadh agus a tógadh sna críocha sin;

(d) táirgí a fuarthas ó ainmhithe beo a tógadh sna críocha sin;

(e) táirgí a fuarthas de thoradh fiach nó iascaireacht a rinneadh sna críocha sin;

(f) táirgí dobharshaothraithe, lena n-áirítear táirgí muirshaothraithe, i gcás inar rugadh agus inar tógadh na héisc sna críocha sin;

(g) táirgí iascaireachta mara agus táirgí eile a bhain soithí na gcríoch sin as an bhfarraige lasmuigh de na huiscí teorann;

(h) táirgí a rinneadh ar bord longa próiseála na gcríoch sin as na táirgí dá dtagraítear i bpointe (g) agus as na táirgí sin amháin;

(i) earraí athláimhe a bailíodh sna críocha sin agus nach bhfuil oiriúnach ach d'aisghabháil amhábhar lena n-áirítear boinn réchaite nach bhfuil oiriúnach ach d'atráchtadh nó lena n-úsáid mar dhramhaíl;

(j) dramhaíl agus fuíoll a tháinig as oibríochtaí monaraithe a rinneadh sna críocha sin;

(k) táirgí a eastóscadh as ithir mhuirí nó as fo-ithir mhuirí lasmuigh d'uiscí teorann na gcríoch sin ar choinníoll gurb acusan amháin atá na cearta an ithir sin nó an fho-ithir sin a oibriú;

(l) earraí a táirgeadh sna críocha sin as na táirgí atá luaite go sonrach i bpointe (a) go pointe (k) agus as na táirgí sin amháin.

2. Ní bheidh feidhm ag na téarmaí "soithí na gcríoch sin" agus "longa próiseála na gcríoch sin" i bpointe (g) agus i bpointe (h) de mhír 1 ach maidir le soithí agus longa próiseála:

(a) atá cláraithe i mBallstát den Aontas nó i Stát ACC;

(b) a bhfuil bratach Ballstát den Aontas nó bratach Stát ACC in airde acu;

(c) a chomhlíonann ceann de na coinníollacha seo a leanas:

(i) go bhfuil úinéireacht 50 % ar a laghad ag náisiúnaigh de Stát ACC nó de Bhallstát den Aontas orthu; nó

(ii) gur le cuideachtaí iad a bhfuil;

— a bpríomhoifigí agus a bpríomhionaid ghnó sa Stát ACC nó i mBallstát den Aontas; agus

— úinéireacht 50 % ar a laghad ag Stát ACC, ag eintitis phoiblí de chuid an Stáit sin nó ag náisiúnaigh den Stát sin nó de Bhallstát den Aontas orthu.

3. D'ainneoin mhír 2, ar iarratas ó Stát ACC, aithneoidh an tAontas mar "shoithí de chuid na críche sin" soithí atá cairtfhostaithe nó tógtha ar léasa ag Stát ACC chun gníomhaíochtaí iascaigh a dhéanamh ina chrios eacnamaíoch eisiach faoi na coinníollacha seo a leanas:

▼B

(a) gur thug an Stát ACC an deis don Aontas comhaontú iascaigh a thabhairt i gcrích le hidirbheartaíocht agus nár ghlac an tAontas an tairiscint sin;

(b) gur ghlac an Coimisiún leis go bhfuil go leor deiseanna sa chonradh cairtfhostaithe nó léasaithe chun an acmhainn atá ag an Stát ACC iascaireacht a dhéanamh ar mhaithe leis féin a fhorbairt agus go háirithe go gcuirtear de chúram ar an Stát ACC sa chonradh sin bainistiú loingseoireachta agus trádála a dhéanamh ar an soitheach a cuireadh faoina réir ar feadh tréimhse suntasach.

Airteagal 4

Táirgí a ndearnadh leoroibriú nó leorphróiseáil orthu

1. Chun críocha na hIarscríbhinne seo, measfar go ndearnadh leoroibriú nó leorphróiseáil sna Stáit ACC nó san Aontas ar tháirgí nach bhfuarthas go hiomlán iontu i gcás ina bhfuil na coinníollacha atá leagtha amach in Aguisín 2 nó in Aguisín 2A comhlíonta. Léiríonn sna coinníollacha sin, i gcás gach táirge atá clúdaithe faoin Rialachán seo, an t-oibriú nó ar an phróiseáil is gá a dhéanamh ar ábhair neamhthionscnaimh a úsáidtear le linn an mhonaraithe agus níl feidhm ag na coinníollacha sin ach maidir leis na hábhair sin amháin. Dá bhrí sin, má úsáidtear táirge a bhfuil stádas tionscnaimh aige de thoradh na gcoinníollacha atá leagtha amach sa liosta a chomhlíonadh, má úsáidtear é le linn monarú táirge eile, na coinníollacha sin atá infheidhme maidir leis an táirge ina n-ionchorpraítear é ní bheidh feidhm acu maidir leis agus ní chuirfear san áireamh na hábhair neamhthionscnaimh is féidir a úsáideadh le linn a mhonaraithe.

2. D'ainneoin mhír 1, féadfar úsáid a bhaint as ábhair neamhthionscnaimh nár cheart, de réir na gcoinníollacha atá leagtha amach in Iarscríbhinn 2 agus in Iarscríbhinn 2A, a úsáid le linn mhonarú táirge áirithe ar choinníoll:

(a) nach mó a luach iomlán ná 15 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha;

(b) nach sárófar aon cheann de na céatadán atá leagtha síos sa liosta i gcáil uasluacha ábhar neamhthionscnaimh de thoradh an mhír seo a chur i bhfeidhm.

Níor cheart feidhm a bheith ag an mír seo maidir le táirgí a thagann faoi réim chaibidlí 50 go 63den Chóras Comhchuibhithe.

3. (a) D'ainneoin mhír 1 agus tar éis do Stát ACC atá san Aigéan Ciúin réamhfhógra a thabhairt don Choimisiún, measfar go ndearnadh leoroibriú agus leorphróiseáil chun críocha Airteagal 2 ar tháirgí iascaigh próiseáilte faoi cheannteideal 1604 agus faoi cheannteideal 1605 a próiseáladh nó a monaraíodh in áitreabh ar talamh sa Stát sin ó ábhair neamhthionscnaimh faoi cheannteideal 0302 nó faoi cheannteideal 0303 a tugadh i dtír i gcalafort de chuid an Stáit sin. San fhógra a thabharfar don Choimisiún luafar an tairbhe d'fhorbairt earnáil iascaigh an Stáit sin, agus beidh an fhaisnéis riachtanach ann faoi na speicis lena mbaineann, faoi na táirgí atá le monarú maille le tuairisc ar na cainníochtaí éagsúla a bheidh i gceist.

(b) Tarraingeoidh an Stát ACC atá san Aigéan Ciúin suas tuarascáil don Aontas maidir le cur chun feidhme phointe (a) tráth nach déanaí ná trí bliana tar éis an fhógra.

(c) Beidh feidhm ag pointe (a) gan dochar do bhearta sláintíochta agus fíteashláintíochta atá i bhfeidhm san Aontas, do chaomhnú éifeachtach ná do bhainistiú inbhuanaithe acmhainní iascaigh ná don tacaíocht a thugtar don chomhrac in éadan gníomhaíochtaí iascaireachta mídhleathacha, neamhthuairiscithe agus neamhrialaithe sa réigiún sin.

4. Beidh feidhm ag mír 1, mír 2 agus mír 3, ach amháin amhail dá bhforáiltear in Airteagal 5.

▼B

Airteagal 5

Oibríochtaí easpacha oibrithe nó próiseála

1. Gan dochar do mhír 2, measfar nach leor an t-oibriú ná an phróiseáil a dhéantar sna hoibríochtaí seo a leanas chun gur féidir stádas táirgí tionscnaimh a thabhairt mar gheall orthu, bíodh ceanglais Airteagal 4 comhlíonta nó ná bíodh:

(a) oibríochtaí caomhnaithe a dhéantar chun a áirithiú go leanfaidh bail mhaith de bheith ar na táirgí le linn a n-iompair agus a stórála (aeráil, spré amach, triomú, cuisniú, cur ar salann, dé-ocsaíd sulfair nó tuaslagán uiscí, baint amach páirteanna loite, agus oibríochtaí den chineál céanna);

(b) oibríochtaí simplí a dhéantar le deannach a bhaint, nó leis an táirge a chriathrú nó a scagadh, a shórtáil, a aicmiú, a chomhoiriúnú (lena n-áirítear tacair earraí a dhéanamh), a ghlanadh, a phéinteáil, a ghearradh;

(c) athruithe pacáistíochta agus briseadh agus cóimeáil pacáistí;

(d) an táirge a chur gan oibriú eile i mbuidéil, i bhfleascáin, i málaí, i gcásanna, ar chartaí nó ar chláir etc., agus gach oibríocht phacáistithe eile nach bhfuil inti ach sin;

(e) marcanna, lipéad agus comharthaí idirdhealaithe den chineál sin a ghreamú de tháirgí nó dá bpacáistíocht;

(f) táirgí, a mheascadh go simplí, bídís ina dtáirgí de chineálacha éagsúla nó ná bídís; siúcra a mheascadh ar aon ábhar eile;

(g) páirteanna a chóimeáil go simplí chun táirge iomlán a dhéanamh;

(h) teaglaim de dhá cheann nó níos mó de na hoibríochtaí atá luaite go sonrach i bpointí (a) go (g);

(i) ainmhithe a mharú;

(j) gránaigh agus rís a scileadh, a roiseadh, a thuaradh i bpáirt nó ina n-iomláine, a snasadh agus a ghlónrú;

(k) oibríochtaí lena ndéantar siúcra a dhathú nó lean ndéantar cnapshiúcra; siúcra a mheilt i bpáirt nó ina iomláine;

(l) torthaí, cnónna agus glasraí a scamhadh, a scilleagadh agus na clocha a bhaint astu.

2. Na hoibríochtaí uile a dhéantar sna Stáit ACC nó san Aontas ar tháirge áirithe, cuirfear san áireamh iad tráth a chinnfear an bhfuil an t-oibriú nó an phróiseáil a rinneadh ar an táirge sin easpach de réir bhrí mhír 1.

Airteagal 6

Carnadh tionscaimh

Carnadh i gcás TCTL agus i gcás an Aontais

1. Measfar gur ábhair de thionscnamh na Stát ACC iad ábhair de thionscnamh an Aontais nó TCTL i gcás inar ionchorpraíodh i dtáirge a fuarthas sna stáit sin iad. Ní bheidh sé riachtanach leoroibriú ná leorphróiseáil a bheith déanta ar na hábhair sin, ar choinníoll go bhfuil níos mó oibrithe nó próiseála déanta orthu ná an méid dá dtagraítear in Airteagal 5.

2. Oibriú agus próiseáil a rinneadh san Aontas nó in TCTL, measfar go ndearnadh iad sna Stáit ACC i gcás in ndéantar níos mó oibrithe nó próiseála ar na hábhair tar éis sin sna Stáit ACC ná an méid dá dtagraítear in Airteagal 5.

3. Chun a chinneadh an de thionscnamh TCTL na táirgí sin, beidh feidhm ag forálacha na hIarscríbhinne seo *mutatis mutandis*.

▼B

4. I gcás táirgí atá liostaithe in Aguisín 10, ní bheidh feidhm ag forálacha an Airteagail seo ach tar éis an 1 Deireadh Fómhair 2015.

Carnadh leis an Afraic Theas

5. Faoi réir fhorálacha mhíreanna 6, 7, 8 agus 11, measfar gur de thionscnamh na Stát ACC iad na hábhair ar de thionscnamh na hAfraice Theas iad i gcás inar ionchorpraíodh i dtáirge a fuarthas sna stáit sin iad ar choinníoll go ndearnadh níos mó oibrithe nó próiseála orthu ná an méid dá dtagraítear in Airteagal 5. Ní bheidh sé riachtanach leoroibriú ná leorphróiseáil a bheith déanta ar na hábhair sin.

6. Táirgí a bhfuil stádas tionscnaimh acu de bhua mhír 5, ní mheasfar gur táirgí de thionscnamh na Stát ACC iad ach más mó an luach a cuireadh leo ná luach na n-ábhar arna n-úsáid iontu ar de thionscnamh na hAfraice Theas iad. Murab amhlaidh atá, measfar gur de thionscnamh na hAfraice Theas na táirgí sin. Agus an tionscnamh á socrú, ní chuirfear san áireamh in aon chor ábhair ar de thionscnamh na hAfraice Theas iad ar a ndearnadh leoroibriú nó leorphróiseáil sna Stáit ACC.

7. An carnadh dá bhforáiltear i mír 5, ní bheidh feidhm aige maidir leis na táirgí atá liostaithe in Aguisín 7, Aguisín 10 agus Aguisín 11.

8. An carnadh dá bhforáiltear i mír 5, ní bheidh feidhm aige maidir leis na táirgí atá liostaithe in Aguisín 8 ach i gcás inar cuireadh deireadh leis na taraifí atá ar na táirgí sin faoi chuimsiúCTFC. Foilseoidh an Coimisiún an dáta a comhlíonadh coinníollacha na míre seo in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* (sraith C).

9. Gan dochar do mhír 7 ná mír 8, measfar go ndearnadh an t-oibriú agus an phróiseáil a rinneadh san Afraic Theas, go ndearnadh iad i mBallstát eile in Aontas Custaim na hAfraice Theas (ACAT), ar Stát ACC é, i gcás ina ndéantar oibriú nó próiseáil ar na hábhair ina dhiaidh sin sa Bhallstát eile sin de ACAT.

10. Gan dochar do mhír 7 ná mír 8 agus ar iarratas ó na Stáit ACC, i gcás oibriú agus próiseáil a rinneadh san Afraic Theas, measfar go ndearnadh sna Stáit ACC iad i gcás ina ndéantar oibriú nó próiseáil ar na hábhair ina dhiaidh sin i Stát ACC faoi chuimsiú comhaontú réigiúnach maidir le comhtháthú eacnamaíoch.

11. Déanfar cinneadh maidir le hiarrataí ó na Stáit ACC i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 19(5) den Rialachán seo.

12. Ní fhéadfar an carnadh dá bhforáiltear i mír 5 a chur i bhfeidhm ach i gcás ina bhfuil stádas táirgí tionscnaimh ag na hábhair ón Afraic Theas arna n-úsáid de thoradh cur i bhfeidhm rialacha tionscnaimh arb ionann iad agus na rialacha atá leagtha amach san Iarscríbhinn seo. Ní fhéadfar an carnadh dá bhforáiltear i mír 9 agus mír 10 a chur i bhfeidhm ach trí rialacha a chur i bhfeidhm arb ionann iad agus na rialacha atá leagtha amach san Iarscríbhinn seo.

Carnadh le tíortha comharsanachta atá i mBéal Forbartha

13. Ar iarratas ó na Stáit ACC, measfar gur ábhair de thionscnamh na Stát ACC ábhair ar de thionscnamh tíre comharsanachta atá i mbéal forbartha iad, seachas na Stáit ACC, ar cuid d'eintiteas geografach comhtháite iad más rud é gur ionchorpraíodh na táirgí sin i dtáirge a fuarthas ann. Ní bheidh sé riachtanach leoroibriú ná leorphróiseáil a bheith déanta ar na hábhair sin ar choinníoll:

— gur mó an t-oibriú agus an phróiseáil a rinneadh sa Stát ACC ná na hoibríochtaí atá liostaithe in Airteagal 5;

— gur thug na Stáit ACC, an tAontas agus na tíortha eile lena mbaineann conradh i gcrích maidir le nósanna imeachta riaracháin leordhóthanacha lena n-áiritheofar go gcuirfear an mhír seo chun feidhme i gceart.

▼B

Ní bheidh feidhm ag an mír seo maidir le táirgí tuinnín atá aicmithe i gCaibidil 3 nó Caibidil 16 den Chóras Comhchuibhithe ná do tháirgí ríse faoi cheannteideal taraife 1006.

Chun a chinneadh an bhfuil táirgí de thionscnamh tíre comharsanachta atá i mbéal forbartha, beidh feidhm ag forálacha na hIarscríbhinní seo.

Déanfar cinneadh maidir le hiarrataí ó na Stáit ACC i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 19(5) den Rialachán seo. Leis na cinntí sin sainaithneofar freisin na táirgí nach ceadmhach an carnadh dá bhforáiltear sa mhír seo a dhéanamh ina leith.

Airteagal 7

Aonad incháilitheachta

1. Is é a bheidh san aonad incháilitheachta le haghaidh chur i bhfeidhm na hIarscríbhinne seo an táirge sonrach a meastar gurb é an bunaonad é agus an t-aicmiú á chinneadh le hainmníocht an Chórais Comhchuibhithe.

Ciallaíonn sé sin:

(a) i gcás ina ndéantar táirge, ar táirge é atá déanta as grúpa earraí nó as comhthiomsú earraí, a aicmiú faoi aon cheannteideal amháin de réir théarmaí an Chórais Comhchuibhithe, is é an táirge ina iomláine a bheidh san aonad incháilitheachta;

(b) i gcás inarb éard atá i gcoinsíneacht líon táirgí comhionanna atá aicmithe faoi aon cheannteideal amháin den Chóras Comhchuibhithe, pléifear le gach táirge ina aonar agus an Iarscríbhinn seo á cur i bhfeidhm.

2. I gcás ina n-áireofar, de réir Riail Ghinearálta 5 den Chóras Comhchuibhithe, an phacáistíocht in éineacht leis an táirge chun críocha aicmithe, áireofar í chun an áit tionscnaimh a chinneadh.

Airteagal 8

Gabhálais, páirteanna breise agus uirlisí

Gabhálais, páirteanna breise agus uirlisí a sheoltar in éineacht le píosa trealaimh, meaisín, fearas nó feithicil, ar cuid den ghnáth-threalamh iad agus atá ar áireamh i bpraghas an ghnáth-threalaimh nó nach bhfuil sonrasc ar leith ag gabháil leo, measfar gur cuid den phíosa trealaimh, den inneall, den fhearas nó den fheithicil sin iad.

Airteagal 9

Tacair

Maidir le tacair, mar atá sainmhínithe i Riail Ghinearálta 3 den Chóras Comhchuibhithe, measfar gur tacair thionscnaimh iad más páirteanna tionscnaimh na páirteanna uile iontu. Dá ainneoin sin, i gcás ina bhfuil idir tháirgí tionscnaimh agus táirgí neamhthionscnaimh i dtacar, measfar gur tacar tionscnaimh an tacar ina iomláine, ar choinníoll nach mó luach na dtáirgí neamhthionscnaimh ná 15 % de phraghas an tacair díreach ón monarcha.

Airteagal 10

Eilimintí neodracha

Chun a chinneadh an táirge tionscnaimh é táirge, ní bheidh sé riachtanach tionscnamh na nithe seo a leanas, ar féidir iad a úsáid le linn an mhonaraithe, a chinneadh:

▼B

(a) fuinneamh agus breosla;

(b) gléasra agus trealamh;

(c) meaisíní agus uirlisí;

(d) earraí nach dtéann isteach agus nach bhfuil ceaptha dul isteach i gcomhdhéanamh deiridh an táirge.

TEIDEAL III

CEANGLAIS CHRÍCHE

Airteagal 11

Prionsabal an chríochachais

1. Ach amháin mar a fhoráiltear in Airteagal 6,.déanfar na coinníollacha atá leagtha amach i dTeideal II den Iarscríbhinn seo maidir le stádas tionscnaimh a fháil a chomhlíonadh gan bhriseadh sna Stáit ACC,

2. Ach amháin smar a fhoráiltear in Airteagal 6, má dhéantar táirgí tionscnaimh a onnmhairíodh go tír eile ó na Stáit ACC, ón Aontas nó ó TCTL a chur ar ais,, measfar gur táirgí neamhthionscnaimh iad, mura féidir an méid seo a leanas a léiriú chun sástacht na n-údarás custaim:

(a) gurb iad na hearraí a cuireadh ar ais na hearraí a onnmhairíodh; agus

(b) nach ndearnadh aon oibríocht orthu thar mar is gá chun bail mhaith a choimeád orthu le linn dóibh bheith sa tír sin nó le linn a n-onnmhairithe.

Airteagal 12

Dír-iompar

1. An chóir fhabhrach dá bhforáiltear sa Rialachán seo, ní bheidh feidhm aici ach maidir le táirgí a chomhlíonann ceanglais na hIarscríbhinne seo agus a iompraítear go díreach idir críoch na Stát i ACC, an Aontais, TCTL nó na hAfraice Theas chun críocha Airteagal 6 gan dul isteach in aon chríoch eile. Dá ainneoin sin, féadfar táirgí ar aon choinsíneacht amháin iad a iompar trí chríocha eile agus, más gá, a athlastáil nó a thrádstóráil go sealadach sna críocha sin, ar choinníoll go gcoinneofar faoi fhaireachán na n-údarás custaim sa tír thrasdula nó thrádstórála iad agus nach ndéanfar oibríochtaí orthu seachas díluchtú, athluchtú nó aon oibríocht atá ceaptha bail mhaith a choimeád orthu.

Féadfar táirgí tionscnaimh a iompar trí phíblíne trasna críche nach críoch Stáit ACC ná críoch san Aontais.

2. Mar fhianaise gur comhlíonadh na coinníollacha atá leagtha amach i mír 1, taispeánfar d'údaráis chustaim na tíre allmhairiúcháin:

(a) doiciméad iompair amháin lena gcumhdítear an turas ón tír onnmhairithe tríd an tír thrasdula; nó

(b) deimhniú arna eisiúint ag údaráis chustaim na tíre trasdula:

(i) ina bhfuil tuairisc bheacht ar na táirgí;

(ii) ina bhfuil dátaí dhíluchtú agus athluchtú na dtáirgí agus, más infheidhme, ainmneacha na soithí nó na modhanna eile iompair a úsáideadh; agus

▼B

(iii) lena ndearbhaítear na coinníollacha inar coinníodh na táirgí sa tír thrasdula

nó

(c) ina n-éagmais sin, aon doiciméid chruthúnais.

Airteagal 13

Taispeántais

1. Táirgí tionscnaimh a chuirtear ó Stát ACC lena dtaispeáint i dtír nó i gcríoch seachas iad siúd dá dtagraítear in Airteagal 6 agus a dhíoltar tar éis an taispeántais lena n-allmhairiú isteach san Aontas, beidh forálacha an Rialacháin seo ina sochar acu tráth a n-allmhairithe ar choinníoll go léireofar chun sástacht na n-údarás custaim:

(a) gur choinsínigh onnmhaireoir na táirgí sin ó Stát ACC chuig an tír nó an chríoch ina raibh an taispeántas ar siúl agus gur thaispeáin sé ann iad;

(b) go ndearna an t-onnmhaireoir sin na táirgí a dhíol nó a dhiúscairt ar dhóigh eile le duine san Aontas;

(c) gur coinsíniodh na táirgí, le linn an taispeántais nó go díreach tar éis an taispeántais sa stát ar seoladh isteach ann iad lena dtaispeáint; agus

(d) nár úsáideadh na táirgí, ó coinsíniodh iad lena dtaispeáint, chun aon chríche seachas chun iad a léiriú ag an taispeántas.

2. Eiseofar nó tarraingeofar suas cruthúnas ar thionscnamh i gcomhréir le forálacha Theideal IV agus cuirfear isteach chuig údaráis chustaim na tíre allmhairithe ar an ngnáthmhodh é. Beidh ainm agus seoladh an taispeántais luaite air. Más gá, féadfar fianaise dhoiciméadach eile a éileamh maidir leis na coinníollacha inar taispeánadh iad.

3. Beidh feidhm ag mír 1 maidir le haon taispeántas trádála, tionscail, talmhaíochta nó ceardaíochta, aon aonach nó léiriú nó taispeántas poiblí chomhchosúil nach n-eagraítear chun críocha príobháideacha i siopaí nó in áitribh ghnó d'fhonn táirgí eachtrannacha a dhíol agus a bhfanann na táirgí faoi rialú custaim lena linn.

TEIDEAL IV

CRUTHÚNAS AR THIONSCNAMH

Airteagal 14

Ceanglais ghinearálta

1. Beidh forálacha an Rialacháin seo ina sochar ag táirgí de thionscnamh Stát ACC tráth a allmhaireofar isteach san Aontas iad má chuirtear isteach:

(a) deimhniú gluaiseachta EUR.1, a bhfuil sampla de in Aguisín 3; nó

(b) sna cásanna atá sonraithe in Airteagal 19(1), (dá ngairtear an "dearbhú sonraisc" anseo feasta), arna thabhairt ag an allmhaireoir ar shonrasc, ar nóta seachadta nó ar aon doiciméad trádála eile ina bhfuil tuairisc ar na táirgí lena mbaineann agus atá mionsonraithe go leor chun iad a shainaithint. Tá téacs an dearbhaithe in Iarscríbhinn 4.

2. D'ainneoin mhír 1, beidh forálacha an Rialacháin seo ina sochar ag táirgí tionscnaimh de réir bhrí na hIarscríbhinne seo sna cásanna atá sonraithe in Airteagal 25 gan é a bheith ina cheangal aon cheann de na doiciméid dá dtagraítear thuas a chur isteach.

▼B

Airteagal 15

Nós imeachta maidir le deimhniú gluaiseachta EUR.1 a eisiúint

1. Eiseoidh údaráis chustaim na tíre allmhairithe deimhniú gluaiseachta EUR.1 ar iarratas i scríbhinn ón onnmhaireoir nó, faoi fhreagracht an onnmhaireora, ó ionadaí údaraithe an onnmhaireora.

2. Chun na críche sin, líonfaidh an t-onnmhaireoir nó ionadaí údaraithe onnmhaireora isteach an deimhniú gluaiseachta EUR.1 agus an fhoirm iarratais, a bhfuil samplaí díobh in Aguisín 3, araon. Líonfar isteach na foirmeacha sin i gcomhréir le forálacha na hIarscríbhinne seo. Má líontar isteach de láimh iad, is le dúch agus sa chás uachtair a dhéanfar sin. Cuirfear an tuairisc ar na táirgí sa bhosca atá ann chun na críche sin gan aon líne a fhágáil bán. Mura mbeidh an bosca líonta isteach ina iomláine, tarraingeofar líne cothrománach faoi bhun líne dheireanach na tuairisce agus crosálfar an spás bán.

3. Déanfaidh an t-onnmhaireoir atá ag cur iarratas isteach ar eisiúint deimhniú gluaiseachta EUR.1, i dtráth ar bith, ar iarratas ó údaráis chustaim an Stáit onnmhairithe ACC ina n-eisítear an deimhniú gluaiseachta, na doiciméid iomchuí uile a chur ar fáil ina bhfuil cruthúnas go bhfuil stádas tionscnaimh ag na táirgí lena mbaineann agus gur comhlíonadh na ceanglais eile atá san Iarscríbhinn seo.

4. Eiseoidh údaráis chustaim an Stáit onnmhairithe ACC deimhniú gluaiseachta EUR.1 más féidir a mheas gur táirgí de thionscnamh na Stát ACC nó de thionscnamh ceann de na tíortha nó na críocha eile dá dtagraítear in Airteagal 6 iad na táirgí lena mbaineann agus go gcomhlíonann siad na ceanglais eile atá san Iarscríbhinn seo.

5. Déanfaidh na húdaráis chustaim a dhéanann an eisiúint aon bheart is gá chun a fhíorú go bhfuil stádas tionscnaimh ag na táirgí agus gur comhlíonadh na ceanglais eile atá san Iarscríbhinn seo. Chun na críche sin, beidh an ceart acu aon fhianaise a iarraidh agus iniúchadh a dhéanamh ar chuntais an onnmhaireora nó aon seiceáil eile a dhéanamh a mheasfar is iomchuí. Áiritheoidh na húdaráis chustaim a dhéanann an eisiúint gur líonadh isteach go hiomchuí na foirmeacha dá dtagraítear i mír 2. Go háirithe, seiceálfaidh siad ar líonadh isteach an spás le haghaidh na tuairisce ar na táirgí i ndóigh nach féidir cur leis go calaoiseach in aon chor.

6. Beidh dáta eisiúna an deimhnithe gluaiseachta EUR.1 luaite ar an deimhniú i mbosca 11.

7. Eiseoidh na húdaráis chustaim deimhniú gluaiseachta EUR.1 agus cuirfear ar fáil don onnmhaireoir é a luaithe a bheidh fíor-onnmhairiú déanta nó áirithithe.

Airteagal 16

Deimhnithe ghuaiseachta EUR.1 a eisítear go cúlghabhálach

1. D'ainneoin Airteagal 15(7), féadfar deimhniú gluaiseachta EUR.1 a eisiúint go heisceachtúil tar éis onnmhairiú na dtáirgí lena mbaineann sé i gcás:

(a) nár eisíodh é tráth an onnmhairithe de dheasca earráidí nó easnaimh neamhdheonacha nó dálaí eisceachtúla; nó

(b) go léireofar chun sástacht na n-údarás custaim gur eisíodh deimhniú gluaiseachta EUR.1 ach nár glacadh é tráth an allmhairithe ar chúiseanna teicniúla.

▼B

2. Chun mír 1 chur chun feidhme, luafaidh an t-onnmhaireoir san iarratas áit agus dáta onnmhairiú na dtáirgí a mbaineann an deimhniú gluaiseachta EUR.1 leo agus na cúiseanna atá leis an iarratas sin.

3. Ní fhéadfaidh na húdaráis chustaim deimhniú gluaiseachta EUR.1 a eisiúint go cúlghabhálach ach tar éis dóibh a fhíorú go bhfuil an fhaisnéis atá in iarratas an onnmhaireora ag teacht leis an bhfaisnéis sa chomhad a chomhfhreagraíonn don iarratas sin.

4. Beidh an frása seo a leanas scríofa mar fhormhuiniú ar dheimhniú ghluaiseachta EUR.1 a eisítear go cúlghabhálach:

"ISSUED RETROACTIVELY"

5. Cuirfear an formhuiniú dá dtagraítear i mír 4 isteach i mbosca7 de chuid an deimhnithe gluaiseachta EUR.1.

Airteagal 17

Dúblach de dheimhniú gluaiseachta EUR.1 a eisiúint

1. Má goideadh, má cailleadh nó má scriosadh deimhniú gluaiseachta EUR.1, féadfaidh an t-onnmhaireoir iarratas a chur isteach chuig na húdaráis chustaim a d'eisigh é ar dhúblach a dhéanfar ar bhonn na ndoiciméad onnmhairithe atá ina seilbh.

2. Beidh an focal seo a leanas scríofa mar fhormhuiniú ar an dúblach:

"DUPLICATE"

3. Cuirfear an formhuiniú dá dtagraítear i mír 2 isteach i mbosca 7 de chuid dhúblach an deimhniú gluaiseachta EUR.1.

4. Beidh dáta eisiúna an bhundeimhnithe gluaiseachta EUR.1 scríofa ar an dúblach agus beidh feidhm aige ón dáta sin ar aghaidh.

Airteagal 18

Deimhnithe gluaiseachta EUR.1 a eisiúint ar bhonn cruthúnais ar thionscnamh a eisíodh nó a tarraingíodh suas roimhe sin

I gcás ina gcuirtear táirgí faoi rialú oifige custaim i Stát ACC nó san Aontas, féadfar ceann amháin nó níos mó de dheimhnithe gluaiseachta EUR.1 a úsáid in ionad an bhunchruthúnais ar thionscnamh chun na táirgí sin uile, nó cuid acu, a sheoladh chuig áit eile laistigh de na Stáit ACC nó laistigh den Aontas. Is í an oifig chustaim a bhfuil na táirgí curtha faoina rialú a eiseoidh an deimhniú gluaiseachta athsholáthair nó deimhniú gluaiseachta EUR.1.

Airteagal 19

Coinníollacha maidir le dearbhú sonraisc a tharraingt suas

1. Féadfar leis na daoine seo a leanas dearbhú sonraisc dá dtagraítear i bpointe (b) d' Airteagal 14(1) a tharraingt suas:

(a) onnmhaireoir formheasta de réir bhrí Airteagal 20, nó

(b) aon onnmhaireoir i gcás aon choinsíneacht arb éard atá inti pacáiste amháin nó níos mó ina bhfuil táirgí tionscnaimh nach mó a luach iomlán ná EUR 6 000.

▼B

2. Féadfar dearbhú sonraisc a tharraingt suas más féidir a mheas gur táirgí de thionscnamh na Stát ACC nó de thionscnamh ceann de na tíortha nó na críocha eile dá dtagraítear in Airteagal 6 iad na táirgí lena mbaineann agus go gcomhlíonann siad ceanglais eile na hIarscríbhinne seo.

3. Beidh an t-onnmhaireoir atá ag tarraingt suas dearbhú sonraisc, ullamh i dtráth ar bith, ar iarratas ó údaráis chustaim na tíre onnmhairithe, na doiciméid iomchuí uile a chur ar fáil ina bhfuil cruthúnas ar stádas tionscnaimh na dtáirgí lena mbaineann agus ar chomhlíonadh cheanglais eile na hIarscríbhinne seo.

4. Is é an t-onnmhaireoir a tharraingeoidh an dearbhú sonraisc suas tríd an dearbhú, a bhfuil a théacs in Aguisín 4, a chlóscríobh, a stampáil nó a phriontáil ar an sonrasc, ar an nóta seachadta nó ar aon doiciméad trádála eile, ag úsáid ceann de na leaganacha teanga atá leagtha amach san Aguisín thuasluaite i gcomhréir le forálacha dhlí náisiúnta na tíre onnmhairithe. Má dhéantar an dearbhú a scríobh de láimh, is le dúch agus sa chás uachtair a dhéanfar sin.

5. Beidh bunsíniú an onnmhaireora lámhscríofa ar dhearbhuithe sonraisc. Dá ainneoin sin, ní bheidh ar onnmhaireoir atá formheasta de réir bhrí Airteagal 20 na dearbhuithe sin a shíniú ar choinníoll go dtugann sé nó sí gealltanas i scríbhinn d'údaráis chustaim na tíre onnmhairithe go nglacann sé nó sí freagracht iomlán as aon dearbhú sonraisc ar a bhfuil sé nó sí aitheanta, mar a bheadh sé sínithe de láimh aige nó aici.

6. Féadfaidh an t-onnmhaireoir dearbhú sonraisc a tharraingt suas tráth a onnmhaireofar na táirgí a mbaineann sé leo, nó tar éis a n-onnmhairithe ar choinníoll go dtíolacfar é sa tír onnmhairithe tráth nach déanaí na dhá bhliain tar éis allmhairiú na dtáirgí mbaineann sé leo.

Airteagal 20

Onnmhaireoir formheasta

1. Féadfaidh údaráis chustaim na tíre onnmhairithe údarás a thabhairt d'aon onnmhaireoir a sheolann táirgí go minic faoi choinníollacha an Rialacháin seo le dearbhuithe sonraisc a tharraingt suas gan beann ar na táirgí lena mbaineann. An t-onnmhaireoir údarú den sórt sin uaidh, tabharfaidh sé na ráthaíochtaí uile chun sástacht na n-údarás custaim is gá chun a fhíorú go bhfuil stádas tionscnaimh ag na táirgí agus go gcomhlíonann siad na ceanglais eile atá san Iarscríbhinn seo.

2. Féadfaidh údaráis chustaim na tíre onnmhairithe stádas onnmhaireora fhormheasta a thabhairt faoi aon choinníollacha a mheasann siad is iomchuí.

3. Tabharfaidh údaráis chustaim na tíre onnmhairithe uimhir údarúcháin don onnmhaireoir formheasta agus beidh sí le feiceáil ar an dearbhú sonraisc.

4. Déanfaidh údaráis chustaim na tíre onnmhairithe faireachán ar an úsáid a bhainfidh an t-onnmhaireoir formheasta as an údarú.

5. Féadfaidh údaráis chustaim na tíre onnmhairithe an t-údarú sin a aistarraingt aon tráth. Déanfaidh siad sin mura mbeidh an t-onnmhaireoir ag tabhairt na ráthaíochtaí dá dtagraítear i mír 1 a thuilleadh, mura mbeidh sé ag comhlíonadh na gcoinníollacha dá dtagraítear i mír 2 nó má bhaineann sé úsáid mhícheart as an údarú ar bhealach eile.

Airteagal 21

Bailíocht an cruthúnais ar thionscnamh

1. Beidh cruthúnas ar thionscnamh bailí go ceann deich mí tar éis dháta a eisiúna sa tír onnmhairithe agus déanfar é a chur faoi bhráid údaráis chustaim na tíre allmhairithe laistigh den tréimhse sin.

▼B

2. Cruthúnas ar thionscnamh a chuirfear faoi bhráid údaráis chustaim na tíre allmhairithe tar éis an dáta deiridh lena dtíolacadh mar atá sonraithe i mír 1, féadfar iad a ghlacadh chun cóir fhabhrach a thabhairt más de thoradh imthosca eisceachtúla nár cuireadh na doiciméid sin isteach faoin dáta deiridh a bhí socraithe.

3. I gcásanna eile inar tíolacadh na doiciméid sin go déanach, féadfaidh údaráis chustaim na tíre allmhairithe cruthúnas ar thionscnaimh a ghlacadh i gcás inar cuireadh na táirgí isteach roimh an dáta deiridh.

Airteagal 22

Nós imeachta trasdula

I gcás ina dtéann táirgí isteach i Stát ACC nach í an tír thionscnaimh í, tosóidh tréimhse bailíochta bhreise 4 mhí ar an dáta a iontrálfaidh na húdaráis chustaim sa tír thrasdula an méid seo a leanas i mbocsa 7 ar dheimhniú gluaiseachta EUR.1:

— an focal “trasdul”,

— ainm na tíre trasdula,

— stampa oifigiúil ar cuireadh sampla de ar fáil don Choimisiún i gcomhréir le hAirteagal 31, agus

— dáta na bhformhuinithe.

Airteagal 23

Cruthúnas ar thionscnamh a chur isteach

Cuirfear cruthúnas ar thionscnamh faoi bhráid údaráis chustaim na tíre allmhairithe i gcomhréir leis na nósanna imeachta is infheidhme sa tír sin. Féadfaidh na húdaráis sin aistriúchán ar chruthúnas ar thionscnamh a éileamh agus féadfaidh siad a éileamh freisin go mbeidh ráiteas ón allmhaireoir ag gabháil leis an dearbhú allmhairiúcháin ina bhfuil sé ráite go gcomhlíonann na táirgí na coinníollacha a éilítear le forálacha an Rialacháin seo a chur chun feidhme.

Airteagal 24

Allmhairiú i dtráthchodanna

I gcás ina ndéanfar, ar iarratas ón onnmhaireoir agus faoi na coinníollacha atá leagtha síos ag údaráis chustaim na tíre allmhairithe, táirgí ar táirgí iad atá díchóimeáilte nó neamhchóimeáilte de réir bhrí Riail Ghinearálta 2(a) den Chóras Comhchuibhithe faoi chuimsiú Roinn XVI agus Roinn XVII nó cheannteideal 7308 agus cheannteideal 9406 den Chóras Comhchuibhithe, i gcás ina ndéanfar táirgí den sórt sin a allmhairiú i dtráthchodanna, cuirfear aon chruthúnas ar thionscnamh amháin faoi bhráid na n-údarás custaim tráth a allmhaireofar an chéad tráthchuid.

Airteagal 25

Díolúintí ó chruthúnas ar thionscnamh

1. Táirgí a sheolfar ina bpacáistí beaga ó dhaoine príobháideacha chuig daoine príobháideacha nó atá ina gcuid de bhagáiste pearsanta taistealaí, ligfear isteach i gcáil táirgí tionscnaimh iad gan cruthúnas ar thionscnamh a bheith curtha isteach, ar choinníoll nach bhfuil na táirgí sin á n-allmhairiú lena dtrádáil agus gur dearbhaíodh go gcomhlíonann siad ceanglais na hIarscríbhinne seo agus nach bhfuil aon amhras ann go bhfuil an dearbhú sin fíor. I gcás táirgí a sheoltar tríd an bpost, feadfar an dearbhú sin a dhéanamh ar dhearbhú custaim CN22/CN23 nó ar leathanach páipéir i gceangal leis an doiciméad sin.

▼B

2. Allmhairí atá ócáideach agus nach bhfuil iontu ach táirgí lena n-úsáid go pearsanta ag na faighteoirí nó na taistealaithe nó a dteaghlach, ní mheasfar gur allmhairí lena dtrádáil iad más léir ar chineál agus ar chainníocht na dtáirgí nach bhfuil aon chríoch thrádála beartaithe dóibh.

3. Ina theannta sin, ní ceadmhach luach iomlán na dtáirgí sin a bheith os cionn EUR 500 i gcás pacáistí beaga nó EUR 1 200 i gcás táirgí atá ina gcuid de bhagáiste pearsanta taistealaí.

Airteagal 26

Nós imeachta faisnéise maidir le carnadh

1. I gcás ina gcuirtear Airteagal 2(2) agus Airteagal 6(1) i bhfeidhm, beidh deimhniú gluaiseachta EUR.1 nó dearbhú ón soláthraí, a bhfuil sampla de in Aguisín 5A ón onnmhaireoir sa Stát nó in TTCL ónar tháinig na hábhair ina fhianaise go bhfuil stádas tionscnaimh de réir bhrí na hIarscríbhinne seo ag na hábhair atá ag teacht ó Stáit ACC eile, ón Aontas nó ó TCTL.

2. I gcás ina gcuirtear Airteagal 2(2), Airteagal 6(2) agus (9) i bhfeidhm, beidh dearbhú ón soláthraí a bhfuil sampla de in Aguisín 5B a thabharfaidh an t-onnmhaireoir sa Stát nó i TCTL ónar tháinig na hábhair ina fhianaise ar an oibriú nó ar an bpróiseáil a rinneadh sna Stáit ACC eile, san Aontas nó i TCTL nó san Afraic Theas.

3. Cuirfidh an soláthraí dearbhú soláthraí ar leith ar fáil le haghaidh gach coinsíneacht ábhair atá ar an sonrasc trádála a bhaineann leis an lastas sin nó in iarscríbhinn a ghabhann leis an sonrasc sin nó ar nóta seachadta nó doiciméad trádála eile a bhaineann leis an lastas sin ina bhfuil tuairisc ar na hábhair lena mbaineann atá mionsonraithe go leor chun gur féidir na hábhair a shainaithint leo.

4. Féadfar an dearbhú soláthraí a tharraingt suas ar fhoirm réamhchlóite.

5. Beidh na dearbhuithe soláthraí sínithe de láimh. I gcás ina bhfuil an sonrasc agus an dearbhú soláthraí eisithe trí mhodhanna próiseála sonraí leictreonacha, ní gá síniú lámhscríofa an tsoláthraí a bheith ar dhearbhú soláthraí ar choinníoll go mbeidh an t-oifigeach freagrach sa chuideachta soláthraithe sainaitheanta chun sástacht na n-údarás custaim an Stáit ina bhfuil na dearbhuithe soláthraí tarraingthe suas. Féadfaidh na húdaráis chustaim sin coinníollacha a leagan amach maidir le cur chun feidhme na míre seo.

6. Cuirfear na dearbhuithe soláthraí isteach faoi bhráid na hoifige custaim inniúil sa Stát onnmhairithe ACC ar iarradh air an deimhniú gluaiseachta EUR.1 a eisiúint.

Airteagal 27

Doiciméid tacaíochta

Doiciméid dá dtagraítear in Airteagal 15(3) agus Airteagal 19(3) a úsáidtear chun a chruthú gur féidir a mheas gur táirgí de thionscnamh na Stát ACC nó de thionscnamh ceann de na tíortha nó na gcríocha eile dá dtagraítear in Airteagal 6 iad na táirgí lena mbaineann agus go gcomhlíonann siad na ceanglais eile atá san Iarscríbhinn seo, féadfar na nithe seo a leanas, inter alia, a bheith i gceist leo:

(a) fianaise dhíreach ar na próisis a rinne an t-onnmhaireoir nó an soláthraí chun na hearraí lena mbaineann a fháil, ar fianaise í, mar shampla, atá i gcuntais nó i leabharchoimeád inmheánach de chuid an onnmhaireora nó de chuid an tsoláthraí;

▼B

(b) doiciméid lena gcruthaítear stádas tionscnaimh na n-ábhar a úsáideadh, a eisíodh nó a tarraingíodh suas i Stát ACC nó i gceann de na tíortha nó na críocha eile dá dtagraítear in Airteagal 6 i gcás ina n-úsáidtear na doiciméid sin i gcomhréir leis an dlí intíre.

(c) doiciméid lena gcruthaítear an t-oibriú nó an phróiseáil a rinneadh ar ábhair sna Stáit ACC, san Aontas nó in TCTL, a eisíodh nó a tarraingíodh suas i Stát ACC, san Aontas nó in TCTL, i gcás ina n-úsáidtear na doiciméid sin i gcomhréir leis an dlí intíre.

(d) deimhnithe gluaiseachta EUR.1 nó dearbhuithe sonraisc lena gcruthaítear go bhfuil stádas tionscnaimh ag na hábhair a úsáideadh, a eisíodh nó a tarraingíodh suas sna Stáit ACC nó i gceann de na tíortha nó na críocha eile dá dtagraítear in Airteagal 6 agus i gcomhréir leis an Iarscríbhinn seo.

Airteagal 28

An cruthúnas ar thionscnamh agus na doiciméid tacaíochta a chaomhnú

1. An t-onnmhaireoir a dhéanfaidh iarratas ar dheimhniú gluaiseachta EUR.1, coimeádfaidh sé na doiciméid dá dtagraítear in Airteagal 15(3) ar feadh trí bliana ar a laghad.

2. An t-onnmhaireoir a tharraingeoidh suas dearbhú sonraisc, coimeádfaidh sé cóip den dearbhú sonraisc sin maille leis na doiciméid dá dtagraítear in Airteagal 19(3) ar feadh trí bliana ar a laghad.

3. Údaráis chustaim na tíre onnmhairithe a eiseoidh deimhniú gluaiseachta EUR.1, coimeádfaidh siad an fhoirm iarratais dá dtagraítear in Airteagal 15(2) ar feadh trí bliana ar a laghad.

4. Coimeádfaidh údaráis chustaim na tíre allmhairithe na deimhnithe gluaiseachta EUR.1 agus na dearbhuithe sonraisc a chuirfear faoina mbráid ar feadh trí bliana ar a laghad.

Airteagal 29

Neamhréitigh agus earráidí foirmiúla

1. I gcás ina dtiocfar ar neamhréitigh bheaga idir na ráitis a rinneadh sa chruthúnas ar thionscnamh agus na ráitis a rinneadh sna doiciméid a cuireadh isteach chuig an oifig chustaim chun na foirmiúlachtaí a chomhlíonadh maidir leis na táirgí sin a allmhairiú, ní chuirfidh sin an cruthúnas ar thionscnamh ar neamhní ar fad ipso facto má chruthaítear go hiomchuí go bhfreagraíonn an doiciméad do na táirgí a cuireadh isteach.

2. Earráidí ar léir gur earráidí foirmiúla iad amhail earráidí cló ar chruthúnas ar thionscnamh, níor cheart go ndiúltófaí don doiciméid sin dá ndeasca mura cúis amhrais iad maidir le cruinneas na ráiteas atá sa doiciméad sin.

Airteagal 30

Suimeanna arna sloinneadh in euro

1. Chun críocha chur chun feidhme Airteagal 19(1)(b) agus Airteagal 25(3) i gcás ina sonrasctar na táirgí sin in airgeadra seachas euro, déanfaidh gach tír lena mbaineann suimeanna in airgeadraí náisiúnta Stát ACC, Ballstát agus tíortha nó críoch eile dá dtagraítear in Airteagal 6 atá coibhéiseach leis na suimeanna arna sloinneadh in euro, déanfaidh siad na suimeanna sin a shocrú go bliantúil.

2. Beidh forálacha Airteagal 19(1)(b) nó Airteagal 25(3) ina sochar ag coinsíneacht trí thagairt don airgeadra ina dtarraingeofar suas an sonrasc, de réir na suime a shocraigh an tír lena mbaineann.

▼B

3. Beidh na suimeanna atá le húsáid in aon airgeadra náisiúnta áirithe coibhéiseach san airgeadra sin leis na suimeanna arna sloinneadh in euro an chéad lá oibre Dheireadh Fómhair gach bliain. Cuirfear na suimeanna in iúl don Choimisiún faoin 15 Deireadh Fómhair agus beidh feidhm acu ón 1 Eanáir na bliana ina dhiaidh sin. Cuirfidh an Coimisiún na suimeanna sin in iúl do na tíortha uile.

4. An tsuim a comhshódh as suim a bhí sloinnte in euro, féadfaidh tír í a shlánú síos nó suas. Ní ceadmhach difear níos mó ná 5 % a bheith idir an tsuim arna comhshó agus an tsuim arna slánú. Féadfaidh tír an choibhéis ina airgeadra náisiúnta féin den tsuim atá sloinnte in euro a choinneáil má thagann méadú níos lú ná 15 % ar an gcoibhéis ina airgeadra náisiúnta féin as comhshó na suime sin, sula ndéanfar aon slánú uirthi tráth an choigeartaithe bhliantúil dá bhforáiltear i mír 3. Féadfar gan an choibhéis in airgeadra náisiúnta na tíre a athrú más rud é go dtiocfadh laghdú ar an luach coibhéiseach sin de thoradh a comhshóite.

5. Athbhreithneoidh an Coimisiún na suimeanna atá sloinnte in euro. Agus an t-athbhreithniú sin á dhéanamh aici, cuirfidh an Coimisiún san áireamh a inmhianaithe atá sé éifeachtaí na dteorann i gceist a choimeád i dtéarmaí réadacha. Chun na críche sin, féadfaidh sé na suimeanna atá sloinnte in euro a mhodhnú.

TEIDEAL V

SOCRUITHE MAIDIR LE COMHAR RIARACHÁIN

Airteagal 31

Cúnamh frithpháirteach

1. Cuirfidh na Stáit ACC samplaí de na stampaí a úsáidtear agus seoltaí na n-údarás custaim atá inniúil deimhnithe gluaiseachta EUR.1 a eisiúint agus an fíorú ina dhiaidh sin a dhéanamh ar dheimhnithe gluaiseachta EUR.1 agus ar dhearbhuithe sonraisc.

Glacfar deimhnithe gluaiseachta EUR.1 agus dearbhuithe sonraisc chun críche cóir fhabhrach a thabhairt ón dáta a gheobhaidh an Coimisiún an fhaisnéis.

Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin chuig údaráis chustaim na mBallstát.

2. Chun a áirithiú go gcuirfear an Iarscríbhinn seo i bhfeidhm go hiomchuí, tabharfaidh an tAontas, TCTL agus na Stáit ACC cúnamh dá chéile, trí na húdaráis chustaim inniúla, maidir le barántúlacht deimhniú gluaiseachta EUR.1, dearbhuithe sonraisc nó dearbhuithe soláthraithe agus chruinneas na faisnéise atá sna doiciméid sin a sheiceail.

Cuirfidh na húdaráis a rachfar i gcomhairle leo an fhaisnéis ábhartha ar fáil maidir leis na coinníollacha faoina ndearnadh an táirge, faisnéis ina luafar go háirithe na coinníollacha inar comhlíonadh na rialacha tionscnaimh sna Stáit ACC, sna Ballstáit agus in TCTL éagsúla lena mbaineann.

Airteagal 32

Cruthúnas ar thionscnamh a fhíorú

1. Déanfar fíoruithe ar chruthúnas ar thionscnamh go randamach nó i gcásanna ina bhfuil amhras réasúnta ar údaráis chustaim na tíre allmhairithe faoi bharántúlacht na ndoiciméad sin, stádas tionscnaimh na dtáirgí lena mbaineann nó comhlíonadh na gceanglas eile atá san Iarscríbhinn seo.

▼B

2. Chun críocha chur chun feidhme mhír 1, cuirfidh údaráis chustaim na tíre allmhairithe ar ais an deimhniú gluaiseachta EUR.1 agus an sonrasc, má cuireadh isteach é, agus an dearbhú sonraisc, nó cóipeanna de na doiciméid sin chuig údaráis chustaim na tíre onnmhairithe agus tabharfaidh siad, más iomchuí, na cúiseanna atá leis an bhfiosrúchán. Aon doiciméid agus aon fhaisnéis a fuarthas ar féidir a thuiscint as gur míchruinn an fhaisnéis a tugadh sa chruthúnas ar thionscnamh, cuirfear ar aghaidh iad chun tacú leis an iarraidh ar fhíorú.

3. Is iad údaráis chustaim na tíre onnmhairithe a dhéanfaidh an fíorú. Chun na críche sin, beidh an ceart acu aon fhianaise a iarraidh agus iniúchadh a dhéanamh ar chuntais an onnmhaireora nó aon seiceáil eile a dhéanamh a mheasfar is iomchuí.

4. Má chinneann údaráis chustaim na tíre allmhairithe an chóir fhabhrach le haghaidh na dtáirgí lena mbaineann a chur ar fionraí go dtí go dtiocfaidh torthaí an fhíoraithe sin isteach, tairgfear scaoileadh na dtáirgí don allmhaireoir faoi réir aon bhearta réamhchúraim a mheastar a bheith riachtanach.

5. Cuirfear torthaí an fhíoraithe in iúl do na húdaráis chustaim a d'iarr an fíorú sin a luaithe is féidir. Léireoidh ar na torthaí sin go soiléir cé acu a bhfuil na doiciméid barántúil nó nach bhfuil agus an féidir a mheas gur táirgí de thionscnamh na Stát ACC nó de thionscnamh ceann de na tíortha nó na críocha eile dá dtagraítear in Airteagal 6 iad na táirgí lena mbaineann agus go gcomhlíonann siad na ceanglais eile atá san Iarscríbhinn seo.

6. Más rud é, i gcás ina bhfuil amhras réasúnta ann, nach bhfuarthas aon fhreagra faoi cheann deich mí ó dháta na hiarrata ar fhíorú, nó mura leor an fhaisnéis chun barántúlacht an doiciméid i gceist nó fíorthionscnamh na dtáirgí a chinneadh, ní dheonóidh na húdaráis chustaim teidlíocht ar an gcóir fhabhrach ach amháin i gcásanna eisceachtúla.

7. Nuair is cosúil, i bhfianaise an phróisis fíoraithe nó aon fhaisnéis eile a bheidh ar fáil, go bhfuiltear ag sárú fhorálacha na hIarscríbhinne seo, déanfar fiosrúchan iomchuí go pras chun na sáruithe sin a shainaithint agus a chosc.

Airteagal 33

Na dearbhuithe soláthraí a fhíorú

1. Déanfar an fíorú ar an dearbhú soláthraí a dhéanamh go randamach nó i gcásanna ina bhfuil amhras réasúnta ar údaráis chustaim an Stáit allmhairithe faoi bharántúlacht an doiciméid sin nó cruinneas nó iomláine na faisnéise faoi fhíorthionscnamh na n-ábhar i gceist.

2. Féadfaidh na húdaráis chustaim a gcuirtear dearbhú soláthraí faoina mbráid iarraidh ar údaráis chustaim an Stáit ina ndearnadh an dearbhú deimhniú faisnéise a eisiúint a bhfuil sampla de in Aguisín 6. De rogha air sin, féadfaidh údaráis chustaim a gcuirtear dearbhú soláthraí faoina mbráid iarraidh ar an onnmhaireoir deimhniú faisnéise a chur ar fáil a d'eisigh údaráis chustaim an Stáit ina ndearnadh an dearbhú.

Coimeádfaidh an oifig a d'eisigh deimhniú faisnéise cóip den deimhniú sin ar feadh trí bliana ar a laghad.

3. Cuirfear torthaí an fhíoraithe in iúl do na húdaráis chustaim a d'iarr an fíorú sin a luaithe is féidir. Léireoidh na torthaí go soiléir an cruinn an dearbhú maidir le stádas na n-ábhar.

▼B

4. Chun críche fíorú, coimeádfaidh soláthraithe cóip den doiciméad ina bhfuil an dearbhú mailleleis an bhfaisnéis riachtanach ar fad lena léirítear fíorstádas na n-ábhar ar feadh trí bliana ar a laghad.

5. Na húdaráis chustaim sa Stát inar tarraingíodh suas an dearbhú soláthraí, beidh an ceart acu aon fhianaise a éileamh nó aon seiceáil a dhéanamh a mheasann siad a bheith iomchuí chun cruinneas aon dearbhuithe soláthraí a fhíorú.

6. Aon deimhniú gluaiseachta EUR.1 nó aon dearbhú sonraisc a eisíodh nó a tarraingíodh suas ar bhonn dearbhú soláthraí a bhí míchruinn, measfar go bhfuil sé ar neamhní.

Airteagal 34

Pionóis

Forchuirfear pionóis ar aon duine a tharraingeoidh suas doiciméad, nó a chuirfidh faoi deara doiciméad a tharraingt suas ina bhfuil faisnéis mhíchruinn chun cóir fhabhrach a fháil do tháirgí.

Airteagal 35

Saorchriosanna

1. I gcás táirgí atá á dtrádáil faoi chlúdach cruthúnais ar thionscnamh agus atá ag dul, le linn a n-iompair, trí shaorchrios ina gcríoch, déanfar gach beart is gá chun a áirithiú nach gcuirfear earraí eile ina n-ionad agus nach ndéanfar láimhseáil orthu seachas gnáthoibríochtaí atá ceaptha meathlú orthu a chosc.

2. De mhaolú ar fhorálacha mhír 1, i gcás ina n-allmhaireofar táirgí tionscnaimh isteach i saorchrios faoi chlúdach cruthúnais ar thionscnamh agus a ndéantar cóireáil nó próiseáil orthu, eiseoidh na húdaráis lena mbaineann deimhniú gluaiseachta nua EUR.1 ar iarratas ón onnmhaireoir má chomhlíonann an chóireáil nó an phróiseáil a rinneadh forálacha na hIarscríbhinne seo.

Airteagal 36

Maoluithe

1. Ar a thionscnamh féin nó ar iarratas ó thír is tairbhí, féadfaidh an Coimisiún maolú sealadach ar fhorálacha na hIarscríbhinne seo a thabhairt do thír is tairbhí sna cásanna seo a leanas:

(a) má bhíonn imthosca inmheánacha nó seachtracha ann a choisceann ar an tír sin comhlíonadh na rialacha maidir le tionscnamh a fháil atá leagtha síos san Iarscríbhinn seo i gcás inarbh fhéidir leis an tír sin a dhéanamh roimhe sin; nó

(b) má theastaíonn am uaidh chun é féin a ullmhú le haghaidh chomhlíonadh na rialacha maidir le cruthúnas ar thionscnamh atá leagtha síos san Iarscríbhinn seo.

2. Beidh an maolú sealadach sin teoranta don fhad ama a mhairfidh éifeacht na n-imthosca inmheánacha nó seachtracha ba chúis leis an maolú nó don fhad ama a bheidh ag teastáil ón tír is tairbhí chun comhlíonadh na rialacha a bhaint amach.

3. Cuirfear iarraidh ar mhaolú i scríbhinn chuig an gCoimisiún. Beidh na cúiseanna a bhfuil maolú ag teastáil scríofa san iarraidh sin i mír 1 agus beidh na doiciméid tacaíochta is iomchuí ina gcuid di.

▼B

4. Déanfar na bearta a ghlacadh faoin Airteagal seo i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 19(5) den Rialachán seo.

Tabharfaidh an tAontas freagra dearfach ar gach iarraidh ó Stáit ACC a bhfuil údar maith léirithe acu i gcomhréir leis an Airteagal seo agus nach féidir mórdhíobháil a dhéanamh do thionscal seanbhunaithe de chuid an Aontais.

TEIDEAL VI

CEUTA AGUS MELILLA

Airteagal 37

Coinníollacha speisialta

1. Ní bheidh Ceuta agus Melilla clúdaithe ag an téarma "Aontas" agus é á úsáid san Iarscríbhinn seo. Ní bheidh táirgí ar de thionscnamh Ceuta agus Melilla iad clúdaithe ag an téarma "táirgí de thionscnaimh an Aontais".

2. Beidh feidhm ag forálacha na hIarscríbhinne seo *mutatis mutandis* chun a chinneadh an bhféadfar a mheas gur de thionscnamh na Stát ACC táirgí atá á n-allmhairiú isteach in Ceuta agus Melilla.

3. I gcás ina ndéanfar oibriú agus próiseáil sna Stáit ACC ar tháirgí a fuarthas go hiomlán in Ceuta, in Melilla nó san Aontas, measfar go bhfuarthas go hiomlán sna Stáit ACC iad.

4. Measfar gur sna Stáit ACC a rinneadh an t-oibriú agus an phróiseáil orthu a rinneadh in Ceuta, in Melilla nó san Aontas,i gcas ina ndéantar oibriú nó próiseáil sa bhreis ar ábhair sna Stáit ACC.

5. Chun críche chur chun feidhme mhír 3 agus mhír 4 den Airteagal seo, ní mheasfar gur oibriú nó próiseáil iad na hoibríochtaí easpacha atá liostaithe in Airteagal 5.

6. Measfar gur aon chríoch amháin iad Ceuta agus Melilla.

TEIDEAL VII

AN FHORÁIL CHRÍOCHNAITHEACH

Airteagal 38

Iarscríbhinní

Cuid dhílis den Iarscríbhinn seo a bheidh sna hAguisíní a ghabhann léi.

▼B

Aguisín 1

Réamhnótaí leis an liosta in Iarscríbhinn 2

Nóta 1:

Leagtar amach sa liosta seo na coinníollacha is gá a chomhlíonadh maidir leis na táirgí go léir chun a mheas go bhfuil siad leoroibrithe nó leorphróiseáilte de réir bhrí Airteagal 4 den Iarscríbhinn seo.

Nóta 2:

1. Sa chéad dá cholún den liosta tugtar tuairisc ar an táirge a fuarthas. Sa chéad cholún tugtar uimhir an cheannteidil nó uimhir na caibidle a úsáidtear sa Chóras Comhchuibhithe agus sa dara colún tugtar tuairisc ar na hearraí a úsáidtear sa chóras sin faoin gceannteideal nó faoin gcaibidil sin. I gcás gach iontráil sa chéad dá cholún sonraítear riail i gcolún 3 nó colún 4. I gcásanna áirithe ina dtagann "ex" roimh an iontráil sa chéad cholún, ciallaíonn sé sin nach bhfuil feidhm ag na rialacha i gcolún 3 nó colún 4 ach maidir leis an gcuid den cheannteideal ar a dtugtar tuairisc i gcolún 2.

2. I gcás ina gcuirtear roinnt uimhreacha ceannteidil le chéile i ngrúpaí i gcolún 1 nó ina dtugtar uimhir caibidle agus an tuairisc ar na táirgí i gcolún 2 i dtéarmaí ginearálta dá bharr, tá feidhm ag na rialacha atá in aice leo i gcolún 3 nó colún 4 maidir le gach táirge, faoin gCóras Comhchuibhithe, a aicmítear i gceannteidil na caibidle nó in aon cheann de na ceannteidil atá le chéile i ngrúpaí i gcolún 1.

3. I gcás ina bhfuil rialacha éagsúla sa liosta a bhfuil feidhm acu maidir le táirgí éagsúla laistigh de cheannteideal, i ngach fleasc tá tuairisc ar an gcuid den cheannteideal atá faoi chumhdach na rialacha atá in aice leo i gcolún 3 nó colún 4.

4. Maidir le hiontráil sa chéad dá cholún, i gcás ina sonraítear riail i gcolún 3 agus colún 4 araon, féadfaidh an t-onnmhaireoir an riail a leagtar amach i gcolún 3 nó an riail a leagtar amach i gcolún 4 a chur i bhfeidhm. Mura dtugtar aon riail maidir le tionscnamh i gcolún 4, ní mór an riail a leagtar amach i gcolún 3 a chur i bhfeidhm.

Nóta 3:

1. Forálacha Airteagal 4 den Iarscríbhinn seo maidir le táirgí a bhfuil stádas tionscnaimh bainte amach acu a úsáidtear le linn mhonarú táirgí eile, tá feidhm acu is cuma ar baineadh an stádas sin amach laistigh den mhonarcha ina n-úsáidtear na táirgí sin nó i monarcha eile san Aontas nó sna Stáit ACC.

Mar shampla:

Inneall atá faoi cheannteideal Uimh. 8407 nach ceadmhach, de réir na rialach maidir leis, luach na n-ábhar neamhthionscnaimh a fhéadfar a ionchorprú ann a bheith os cionn 40 faoin gcéad den phraghas díreach ón monarcha, déantar é as "cruach cóimhiotail eile atá múnlaithe go garbh le gaibhniú" atá faoi cheannteideal Uimh. ex 7224.

Más rud gur gaibhníodh an t-earra gaibhnithe sin san Aontas ó thinne neamhthionscnaimh, tá stádas tionscnaimh bainte amach aige cheana féin de bhua na rialach maidir le ceannteideal Uimh. ex 7224 sa liosta. Féadfar a chur san áireamh ansin gur de thionscnamh ríomh luacha an innill an t-earra gaibhnithe is cuma cé acu a táirgeadh sa mhonarcha chéanna é nó a táirgeadh i monarcha eile san Aontas é. Ní chuirtear luach an tinne neamhthionscnaimh san áireamh nuair a chuirtear le chéile luach na n-ábhar neamhthionscnaimh a úsáideadh.

▼B

2. Is ionann an riail sa liosta agus an t-íosmhéid oibrithe nó próiseála is gá agus má dhéantar tuilleadh oibrithe nó próiseála tugtar stádas tionscnaimh freisin; os a choinne sin, ní thugtar stádas tionscnaimh má dhéantar níos lú oibrithe nó próiseála. Dá bhrí sin, má fhoráiltear le riail go bhféadfar ábhar neamhthionscnaimh de leibhéal áirithe monaraithe a úsáid, ceadaítear an t-ábhar sin a úsáid ag céim níos luaithe sa mhonarú agus ní cheadaítear an t-ábhar sin a úsáid ag céim níos déanaí.

3. Gan dochar do Nóta 3.2 ina bhfuil riail lena sonraítear go bhféadfar "ábhair atá faoi aon cheannteideal" a úsáid, féadfar ábhair atá faoin gceannteideal céanna leis an táirge a úsáid freisin, faoi réir aon srianta sonracha a d'fhéadfadh bheith sa riail freisin, áfach. Mar sin féin, ciallaíonn "monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal, lena n-áirítear ábhair eile atá faoi cheannteideal …" nach bhféadfar ach ábhair atá aicmithe sa cheannteideal céanna leis an táirge a bhfuil a thuairisc éagsúil le tuairisc an táirge a thugtar i gcolún 2 sa liosta a úsáid.

4. Nuair a shonraítear faoi riail sa liosta go bhféadfar táirge a mhonarú as níos mó ná aon ábhar amháin, ciallaíonn sé sin go bhféadfar ábhar amháin nó níos mó a úsáid. Ní gá na hábhair go léir a úsáid de réir na rialach sin.

Mar shampla:

Faoi na rialacha maidir le fabraicí atá faoi cheannteidil 5208 go 5212 foráiltear go bhféadfar snáithíní nádúrtha a úsáid agus go bhféadfar na hábhair cheimiceacha sin, chomh maith le hábhair eile, a úsáid freisin. Ní chiallaíonn sé sin, áfach, nach mór an dá cheann a úsáid; féadfar ceann amháin nó an ceann eile nó an dá cheann a úsáid.

5. Nuair a shonraítear faoi riail sa liosta nach mór táirge a mhonarú as ábhar ar leith, ní chuirtear cosc leis an gcoinníoll sin, ar ábhair eile a úsáid, ábhair nach féidir an riail a chomhlíonadh de bharr chineál bunúsach na n-ábhar sin. (Féach Nóta 6.3 thíos i dtaca le teicstílí).

Mar shampla:

An riail maidir le bianna ullmhaithe atá faoi cheannteideal Uimh. 1904 nach n-áirítear inti úsáid gránach agus a ndíorthach, faoin riail sin níl cosc ar shalainn mhianracha, ceimiceáin agus breiseáin eile nach táirgí iad a tháirgtear as gránaigh a úsáid.

Mar sin féin, níl feidhm aige sin maidir le táirgí is féidir a tháirgeadh as ábhar den chineál céanna le linn céim níos luaithe sa mhonarú, cé nach féidir na táirgí sin a mhonarú as na hábhair ar leith a shonraítear sa liosta.

Mar shampla:

I gcás baill éadaigh ó ex Caibidil 62 atá déanta as ábhair neamhfhite, má cheadaítear snáth neamhthionscnaimh a úsáid le haghaidh earra san aicme sin, ní féidir tosú le héadach neamhfhite — fiú mura féidir éadaigh neamhfhite a dhéanamh as snáth go hiondúil. I gcásanna mar sin, bheadh an t-ábhar tosaigh ag an gcéim a thagann roimh an snáth go hiondúil — is í sin an chéim snáithíní.

6. I gcás riail sa liosta, ina dtugtar dhá chéatadán le haghaidh uasluach na n-ábhar neamhthionscnaimh is féidir a úsáid, ní fhéadfar an dá chéatadán sin a chur le chéile. Is é sin le rá, ní fhéadfaidh uasluach na n-ábhar neamhthionscnaimh go léir a úsáideadh a bheith níos mó ná an céatadán is airde a tugadh. Anuas air sin, ní mór gan na céatadáin aonair a shárú i dtaca leis na hábhair ar leith a bhfuil feidhm acu maidir leo.

▼B

Nóta 4:

1. Úsáidtear an téarma “snáithíní nádúrtha” sa liosta chun tagairt do na snáithíní nach snáithíní saorga ná sintéiseacha iad. Tá sé teoranta do na céimeanna sula ndéantar an sníomh, lena n-áirítear dramhaíl, agus, mura sonraítear a mhalairt, áirítear leis snáithíní cardáilte, cíortha nó próiseáilte ar shlí eile ach nach bhfuil sníofa.

2. Áirítear leis an téarma “snáithíní nádúrtha” rón atá faoi cheannteideal 0503, síoda atá faoi cheannteideal 5002 agus ceannteideal 5003 chomh maith leis na snáithíní olla, fionnadh ainmhíoch mín nó garbh atá faoi cheannteidil 5101 go 5105, na snáithíní cadáis atá faoi cheannteidil 5201 go 5203 agus na snáithíní plandúla eile atá faoi cheannteidil 5301 go 5305.

3. Úsáidtear na téarmaí “laíon teicstíle”, “ábhair cheimiceacha” agus “ábhair déanta páipéir” sa liosta chun tagairt do na hábhair nach n-aicmítear i gCaibidlí 50 go 63, ábhair is féidir a úsáid chun snáithíní nó snáth saorga, sintéiseacha nó páipéir a mhonarú.

4. Úsáidtear an téarma “snáithíní stáplacha de dhéantús an duine” sa liosta chun tagairt do bharrach filiméadach, snáithíní stáplacha nó dramhaíl atá sintéiseach nó saorga, atá faoi cheannteidil 5501 go 5507.

Nóta 5:

1. I gcás ina ndéantar tagairt don Nóta seo le haghaidh táirge áirithe sa liosta, ní chuirfear na coinníollacha a leagtar amach i gcolún 3 i bhfeidhm maidir le haon ábhair theicstíle bhunúsacha, a úsáideadh le linn mhonarú an táirge sin, arb ionann iad, nuair a chuirtear le chéile iad, agus 10 % nó níos lú de mheáchan iomlán na n-ábhar teicstíle bunúsach go léir a úsáideadh. (Féach Nóta 5.3 agus Nóta 5.4 thíos freisin).

2. Mar sin féin, ní fhéadfar an lamháltas a luaitear i Nóta 5.1 a chur i bhfeidhm ach maidir le táirgí measctha a rinneadh as dhá cheann nó níos mó d'ábhair theicstíle bhunúsacha.

   Is iad seo a leanas na hábhair theicstíle bhunúsacha:

   — síoda,

   — olann,

   — fionnadh ainmhíoch garbh,

   — fionnadh ainmhíoch mín,

   — rón,

   — cadás,

   — ábhair déanta páipéir agus páipéar,

   — líon,

   — fíorchnáib,

   — siúit agus snáithíní bealaithe teicstíle eile,

   — siseal agus snáithíní teicstíle eile den ghéineas Magua,

   — cnó cócó, abacá, ráimí agus snáithíní teicstíle plandúla eile,

   — filiméid shintéiseacha de dhéantús an duine,

   — filiméid shaorga de dhéantús an duine,

▼B

— filiméid seolta srutha,

— snáithíní stáplacha sintéiseacha polapróipiléine de dhéantús an duine,

— snáithíní stáplacha sintéiseacha poileistir de dhéantús an duine,

— snáithíní stáplacha sintéiseacha polaimíde de dhéantús an duine,

— snáithíní stáplacha sintéiseacha polaicrilinítríle de dhéantús an duine,

— snáithíní stáplacha sintéiseacha poilimíde de dhéantús an duine,

— snáithíní stáplacha sintéiseacha polaiteitreafluaireitiléine de dhéantús an duine,

— snáithíní stáplacha sintéiseacha suilfíde polaifeiniléine de dhéantús an duine,

— snáithíní stáplacha sintéiseacha clóirídí polaivinile de dhéantús an duine,

— snáithíní stáplacha sintéiseacha eile de dhéantús an duine,

— snáithíní stáplacha saorga vioscóis de dhéantús an duine,

— snáithíní stáplacha saorga eile de dhéantús an duine,

— snáth atá déanta as polúireatán atá deighilte le deighleoga solúbtha poiléitir, bídís galúnaithe nó ná bídís,

— snáth atá déanta as polúireatán atá deighilte le deighleoga solúbtha poileistir, bídís galúnaithe nó ná bídís,

— táirgí atá faoi cheannteideal. 5605 (snáth miotalaithe) ina n-ionchorpraítear stiall ina bhfuil lár de scragall alúmanaim nó lár de scannán plaisteach, bíodh sé brataithe le púdar alúmanaim nó ná bíodh, nach bhfuil níos mó ná 5 mm ar leithead, atá cisealaithe trí bhíthin greamacháin thrédhearcaigh nó dhaite idir dhá shraith de scannán plaisteach,

— táirgí eile atá faoi cheannteideal 5605.

Mar shampla:

Is snáth measctha snáth atá faoi cheannteideal 5205 atá déanta as snáithíní cadáis atá faoi cheannteideal 5203 agus snáithíní stáplacha sintéiseacha atá faoi cheannteideal U5506. Dá bhrí sin, snáithíní stáplacha sintéiseacha neamhthionscnaimh nach gcomhlíonann na rialacha maidir le tionscnamh (faoi na rialacha sin ní cheadaítear ach monarú as ábhair cheimiceacha nó laíon teicstíle), féadfar iad a úsáid suas le meáchan arb ionann é agus 10 % den snáth.

Mar shampla:

Is fabraic mheasctha fabraic olla atá faoi cheannteideal 5112 atá déanta as snáth olla atá faoi cheannteideal 5107 agus snáth sintéiseach as snáithíní stáplacha atá faoi cheannteideal 5509 Dá bhrí sin, snáth sintéiseach nach gcomhlíonann na rialacha maidir le tionscnamh (faoi na rialacha sin ní mór monarú as ábhair cheimiceacha nó laíon teicstíle) nó snáth olla nach gcomhlíonann na rialacha maidir le tionscnamh (faoi na rialacha sin ní mór monarú as snáithíní nádúrtha, nach bhfuil cardáilte, cíortha ná ullmhaithe ar shlí eile lena sníomh) nó teaglaim den dá cheann, féadfar iad a úsáid ar choinníoll nach mó ná 10 % de mheáchan na fabraice a meáchan iomlán.

Mar shampla:

Fabraic teicstíle dhosach atá faoi cheannteideal 5802 atá déanta as snáth cadáis atá faoi cheannteideal 5205 agus fabraic chadáis atá faoi cheannteideal 5210, ní táirge measctha í ach amháin más fabraic mheasctha an fhabraic chadáis féin agus í déanta as snáth atá aicmithe faoi dhá cheannteideal ar leith nó más meascáin na snáthanna cadáis féin a úsáideadh.

▼B

Mar shampla:

Dá mba rud é go ndearnadh an fhabraic teicstíle dhosach as snáth cadáis atá faoi cheannteideal 5205 agus fabraic shintéiseach atá faoi cheannteideal 5407, is dhá ábhar teicstíle bhunúsacha an tsnátha a úsáideadh dá bhrí sin ar ndóigh agus is táirge measctha an fhabraic teicstíle stothach dá réir.

3. I gcás na dtáirgí ina n-ionchorpraítear "snáth atá déanta as polúireatán atá deighilte le deighleoga solúbtha poileistir, bídís galúnaithe nó ná bídís", is ionann an lamháltas sin agus 20 % i ndáil leis an snáth sin.

4. I gcás na dtáirgí ina n-ionchorpraítear "stiall ina bhfuil lár de scragall alúmanaim nó lár de scannán plaisteach, bíodh sé brataithe le púdar alúmanaim nó ná bíodh, nach bhfuil níos mó ná 5 mm ar leithead, atá cisealaithe trí bhíthin greamacháin idir dhá shraith de scannán plaisteach", is ionann an lamháltas agus 30 % i ndáil leis an stiall.

Nóta 6:

1. I gcás na dtáirgí teicstíle sin, atá marcáilte sa liosta le fonóta a thagraíonn don Réamhnóta seo, ciumhsóga agus gabhálais teicstíle nach gcomhlíonann an riail a leagtar amach sa liosta i gcolún 3 maidir leis na táirgí comhdhéanta lena mbaineann, féadfar iad a úsáid ar choinníoll nach mó ná 10 % de mheáchan iomlán na n-ábhar teicstíle go léir atá ionchorpraithe a meáchan.

   Tá na ciumhsóga agus gabhálais teicstíle sin aicmithe i gCaibidlí 50 go 63. Níltear le breathnú ar idirlíneálacha agus idirlíneálacha mar chiumhsóga ná gabhálais.

2. Aon chiumhsóga nó gabhálais neamhtheicstíle nó ábhair eile a úsáideadh ina bhfuil teicstílí, ní cheanglaítear go gcomhlíonfaidh siad na coinníollacha a leagtar amach i gcolún 3 cé nach dtagann siad faoi raon feidhme Nóta 3.5.

3. I gcomhréir le Nóta 3.5, aon chiumhsóga nó gabhálais neamhtheicstíle neamhthionscnaimh nó táirge eile nach bhfuil aon teicstílí ann, féadfar iad a úsáid gan bhac ar aon chaoi i gcás nach féidir iad a dhéanamh as na hábhair a liostaítear i gcolún 3.

   Mar shampla ([1]), i gcás nach mór snáth a úsáid le haghaidh earra teicstíle ar leith, amhail blús, de réir riail sa liosta, ní hionann sin agus cosc a bheith ar úsáid earraí miotail, amhail cnaipí, mar ní féidir iad a dhéanamh as ábhair theicstíle.

4. I gcás ina bhfuil feidhm ag riail chéatadánach, ní mór luach na gciumhsóg agus na ngabhálas a chur san áireamh agus luach na n-ábhar neamhthionscnaimh atá ionchorpraithe á ríomh.

Nóta 7:

1. Chun críocha cheannteidil ex 2707, 2713 go 2715, ex 2901, ex 2902 agus ex 3403, is iad seo a leanas na "próisis shonracha":

   (a) driogadh folúis;

   (b) athdhriogadh trí bhíthin próiseas codánúcháin atá an-chuimsitheach ([2]);

   (c) scoilteadh;

   (d) athdheilbhiú;

   (e) eastóscadh trí bhíthin tuaslagóirí roghnaitheacha;

([1]) Tugtar an sampla sin chun críche míniú amháin. Níl sé ceangailteach go dlíthiúil.
([2]) Féach Nóta Miniúcháin 4(b) breise a ghabhann le Caibidil 27 den Ainmníocht Chomhcheangailte.

▼B

(f) an próiseas a chuimsíonn na hoibríochtaí seo go léir a leanas: próiseáil le haigéad sulfarach, oiléam nó ainhidríd shulfarach atá tiubhaithe; neodrú le hoibreáin alcaileacha; tuaradh agus íonú le cré atá gníomhach go nádúrtha, cré ghníomhachtaithe, fioghual gníomhachtaithe nó báicsít;

(g) polaiméiriú;

(h) ailciliú;

(i) isiméiriú.

2. Chun críocha cheannteideal 2710, cheannteideal 2711 agus cheannteideal 2712, is iad seo a leanas na "próisis shonracha":

(a) driogadh folúis;

(b) athdhriogadh trí bhíthin próiseas codánúcháin atá an-chuimsitheach ([1]);

(c) scoilteadh;

(d) leasú;

(e) eastóscadh trí bhíthin tuaslagóirí roghnaitheacha;

(f) an próiseas a chuimsíonn na hoibríochtaí seo go léir a leanas: próiseáil le haigéad sulfarach, oiléam nó ainhidríd shulfarach atá tiubhaithe; neodrú le hoibreáin alcaileacha; tuaradh agus íonú le cré atá gníomhach go nádúrtha, cré ghníomhachtaithe, fioghual gníomhachtaithe nó báicsít;

(g) polaiméiriú;

(h) ailciliú;

(i) isiméiriú;

(j) maidir le holaí troma a thagann faoi cheannteideal ex 2710 amháin, díshulfarú le hidrigin a bhfuil laghdú 85 % ar a laghad de chion sulfair na dtáirgí a próiseáladh (Modh ASTM D 1266-59 T);

(k) maidir leis na táirgí a thagann faoi cheannteideal 2710 amháin, díphairifíniú trí bhíthin próiseas nach scagadh é;

(l) maidir le holaí troma a thagann faoi cheannteideal ex 2710 amháin, cóireáil le hidrigin faoi bhrú atá níos mó ná 20 bar agus ag teocht atá níos airde ná 250 °C agus catalaíoch in úsáid, seachas chun difear a dhéanamh don díshulfarú, nuair is eilimint ghníomhach an hidrigin in imoibriú ceimiceach. Cóireáil bhreise le hidrigin olaí bealaithe atá faoi cheannteideal ex 2710 (e.g. hidreabhailchríochnú nó tuaradh) chun, go háirithe, dath nó seasmhacht a fheabhsú, ní mheasfar gur próiseas sonrach an chóireáil sin;

(m) maidir le holaí breosla a thagann faoi cheannteideal ex 2710 amháin, driogadh atmaisféarach, ar choinníoll go ndriogann níos lú ná 30 % de na táirgí sin, de réir toirte, lena n-áirítear caillteanais, ag 300 °C de réir mhodh ASTM D 86;

(n) maidir le holaí troma seachas olaí gáis agus olaí breosla a thagann faoi cheannteideal ex 2710 amháin, cóireáil trí bhíthin scuab-dhíluchtú leictreach ardmhinicíochta.

3. Chun críocha cheannteidil ex 2707, 2713 go 2715, ex 2901, ex 2902 agus ex 3403, oibríochtaí simplí amhail glanadh, scinceáil, díshailleadh, deighilt uisce, scagadh, dathú, marcáil, cion sulfair a bhaint amach mar thoradh ar tháirgí nach ionann a gcion sulfair a mheascadh, ní thugtar tionscnamh le haon teaglaim de na hoibríochtaí sin ná oibríochtaí comhchosúla.

([1]) Féach Nóta Miniúcháin 4(b) breise a ghabhann le Caibidil 27 den Ainmníocht Chomhcheangailte.

▼B

Aguisín 2

Liosta den oibriú nó den phróiseáil is gá a dhéanamh ar ábhair neamhthionscnaimh chun gur féidir leo stádas tionscnaimh a fháil

Féadfaidh sé nach bhfuil na táirgí go léir atá áirithe ar an liosta cumhdaithe ag an Rialachán seo. Is gá dá bhrí sin na codanna eile den Rialachán seo a cheadú.

Uimh. cheann-teideal CC	Tuairisc ar an táirge	Saothrú nó próiseáil, a rinneadh ar ábhair neamhthionscnaimh, lena mbronntar stádas tionscnaimh	
(1)	(2)	(3) nó (4)	
Caibidil 01	Ainmhithe beo	Ní mór na hainmhithe go léir atá faoi Chaibidil 1 a úsáideadh a fháil go hiomlán sa chríoch	
Caibidil 02	Ainmhithe beo	Monarú nach mór na hábhair go léir atá faoi Chaibidil 1 agus Caibidil 2 a úsáideadh lena linn a fháil go hiomlán sa chríoch	
ex Caibidil 03	Éisc agus crústaigh, moilisc agus inveirteabraigh uisceacha eile, seachas:	Monarú nach mór na hábhair go léir atá faoi Chaibidil 3 a úsáideadh lena linn a fháil go hiomlán sa chríoch	
0304	Filléid éisc agus feoil eile éisc (bíodh sí mionaithe nó ná bíodh) atá úr, fuaraithe nó reoite	Filléid éisc agus feoil eile éisc (bíodh sí mionaithe nó ná bíodh) atá úr, fuaraithe nó reoite	
0305	Iasc triomaithe, saillte nó faoi sháile; iasc deataithe, bíodh sé cócaráilte roimh an bpróiseas deataithe nó lena linn; plúr, min agus millíní éisc, atá oiriúnach lena gcaitheamh ag an duine	Monarú nach bhfuil luach aon ábhar atá faoi Chaibidil 3 a úsáideadh lena linn níos mó ná 15 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha	
ex 0306	Crústaigh, bídís sa bhlaosc nó ná bídís, triomaithe, saillte nó faoi sháile; crústaigh sa bhlaosc, cócaráilte le gal nó beirithe in uisce, bídís fuaraithe, reoite, triomaithe, saillte nó faoi sháile nó ná bídís; plúr, min agus millíní crústach, atá oiriúnach lena gcaitheamh ag an duine	Monarú nach bhfuil luach aon ábhar atá faoi Chaibidil 3 a úsáideadh lena linn níos mó ná 15 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha	
ex 0307	Moilisc, bídís sa bhlaosc nó ná bídís, triomaithe, saillte nó faoi sháile; inveirteabraigh uisceacha seachas crústaigh agus moilisc, triomaithe, saillte nó faoi sháile; plúr, min agus millíní crústach, atá oiriúnach lena gcaitheamh ag an duine	Monarú nach bhfuil luach aon ábhar atá faoi Chaibidil 3 a úsáideadh lena linn níos mó ná 15 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha	

▼B

Uimh. cheann-teideal CC	Tuairisc ar an táirge	Saothrú nó próiseáil, a rinneadh ar ábhair neamhthionscnaimh, lena mbronntar stádas tionscnaimh	
(1)	(2)	(3) nó (4)	
ex Caibidil 04	Tairgí déiríochta; uibheacha éan; mil nádúrtha; táirgí inite de thionscnamh ainmhíoch, nach sonraítear nó nach n-áirítear in aon áit eile; seachas:	Monarú nach mór na hábhair go léir atá faoi Chaibidil 4 a úsáideadh lena linn a fháil go hiomlán sa chríoch	
0403	Bláthach, bainne agus uachtar gruthach, iógart, ceifir agus bainne agus uachtar eile atá coipthe nó aigéadaithe, cibé acu atá siad nó nach bhfuil siad comhdhlúite nó atá nó nach bhfuil siúcra nó ábhar milsiúcháin eile nó blaistithe nó torthaí, cnónna nó cócó curtha leis	Monarú: — nach mór na hábhair go léir atá faoi Chaibidil 4 a úsáideadh lena linn a fháil go hiomlán sa chríoch; — nach mór aon sú torthaí (seachas sú anainn, líoma nó seadóige) atá faoi cheann-teideal Uimh. 2009 a úsáideadh lena linn a bheith de thionscnamh na críche cheana féin; — nach bhfuil luach aon ábhar atá faoi Chaibidil 17 a úsáideadh lena linn níos mó ná 30 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha	
ex Caibidil 05	Táirgí de thionscnamh ainmhíoch, nach sonraítear nó nach n-áirítear in aon áit eile; seachas:	Monarú nach mór na hábhair go léir atá faoi Chaibidil 5 a úsáideadh lena linn a fháil go hiomlán sa chríoch	
ex 0502	Guairí agus fionnadh muc, borraí nó torc atá ullmhaithe	Glanadh, dífhabhtú, sórtáil agus díriú guairí agus fionnaidh	
Caibidil 06	Crainn bheo agus plandaí eile; bleibeanna, fréamhacha agus a leithéidí; bláthanna gearrtha agus duilliúr ornáideach	Monarú: — nach mór na hábhair go léir atá faoi Chaibidil 6 a úsáideadh lena linn a fháil go hiomlán sa chríoch; — nach bhfuil luach na n-ábhar go léir a úsáideadh lena linn níos mó ná 50 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha	
Caibidil 07	Glasraí, fréamhacha agus tiúbair inite áirithe	Monarú nach mór na hábhair go léir atá faoi Chaibidil 7 a úsáideadh lena linn a fháil go hiomlán sa chríoch	
Caibidil 08	Torthaí agus cnónna inite; craiceann torthaí ciotrais nó mealbhacán	Monarú: — nach mór na torthaí agus na cnónna go léir a úsáideadh lena linn a fháil go hiomlán sa chríoch; — nach bhfuil luach aon ábhar atá faoi Chaibidil 17 a úsáideadh lena linn níos mó ná 30 % de luach phraghas an táirge díreach ón monarcha	
ex Caibidil 09	Caife, tae, maité agus spíosraí; seachas:	Monarú nach mór na hábhair go léir atá faoi Chaibidil 9 a úsáideadh lena linn a fháil go hiomlán sa chríoch	

▼B

Uimh. cheannteideal CC	Tuairisc ar an táirge	Saothrú nó próiseáil, a rinneadh ar ábhair neamhthionscnaimh, lena mbronntar stádas tionscnaimh	
(1)	(2)	(3) nó (4)	
0901	Caife, bíodh sé rósta nó díchaiféinithe nó ná bíodh; blaoscanna agus craicne caife; ionadaigh chaife a bhfuil cion éigin caife iontu	Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal	
0902	Tae, cibé acu atá blas curtha leis nó nach bhfuil	Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal	
ex 0910	Meascáin spíosraí	Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal	
Caibidil 10	Gránaigh	Monarú nach mór na hábhair go léir atá faoi Chaibidil 10 a úsáideadh lena linn a fháil go hiomlán sa chríoch	
ex Caibidil 11	Táirgí an tionscail mhuilleoireachta; braich; stáirsí; ionúilin; glútan cruithneachta; seachas:	Monarú nach mór na gránaigh agus na glasraí, na fréamhacha agus na tiúbair inite go léir atá faoi cheannteideal Uimh. 0714 nó na torthaí inite go léir a úsáideadh lena linn a fháil go hiomlán sa chríoch	
ex 1106	Plúr, min agus púdar na nglasraí léagúmacha triomaithe, scilligthe atá faoi cheannteideal Uimh. 0713	Triomú agus meilt na nglasraí léagúmacha atá faoi cheannteideal Uimh. 0708	
Caibidil 12	Olashíolta agus torthaí olúla; gráin, síolta agus torthaí ilghnéitheacha; plandaí tionsclaíocha nó íocshláinte; tuí agus farae	Monarú nach mór na hábhair go léir atá faoi Chaibidil 12 a úsáideadh lena linn a fháil go hiomlán sa chríoch	
1301	Leaic; gumaí nádúrtha, roisíní nádúrtha, gumroisíní nádúrtha agus olaroisíní nádúrtha (mar shampla balsaim)	Monarú nach ceadmhach luach aon ábhar atá faoi cheannteideal Uimh. 1301 a úsáideadh lena linn a bheith níos mó ná 50 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha	
1302	Súnna plandúla agus úisc phlandúla; substaintí peicteacha, peicteanáití agus peicteáití; agar agus gumalachtaí agus tiúsóirí eile, bídís modhnaithe nó ná bídís, a fhaightear ó tháirgí plandúla:		
	– gumalachtaí agus tiúsóirí, modhnaithe, a fhaightear ó tháirgí plandúla	Monarú as gumalachtaí agus tiúsóirí neamh-mhodhnaithe	
	– Eile	Monarú nach bhfuil luach na n-ábhar go léir a úsáideadh lena linn níos mó ná 50 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha	
Caibidil 14	Ábhair dualta glasraí; táirgí ó phlandaí nach sonraítear nó nach n-áirítear in aon áit eile	Monarú nach mór na hábhair go léir atá faoi Chaibidil 14 a úsáideadh lena linn a fháil go hiomlán sa chríoch	

▼B

Uimh. cheannteideal CC	Tuairisc ar an táirge	Saothrú nó próiseáil, a rinneadh ar ábhair neamhthionscnaimh, lena mbronntar stádas tionscnaimh	
(1)	(2)	(3) nó (4)	
ex Caibidil 15	Saillte agus olaí ainmhíocha nó plandúla agus a dtáirgí scoilte; saillte inite ullmhaithe; céaracha ainmhíocha nó plandúla; seachas:	Monarú ina bhfuil na hábhair go léir a úsáideadh lena linn aicmithe faoi cheannteideal nach ceannteideal an táirge é	
1501	Saill mhuice (blonag san áireamh) agus saill éanlaithe clóis, nach bhfuil faoi cheannteideal .0209 nó ceannteideal 1503:		
	– Saill ó chnámha nó fuíoll	Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal seachas ábhair atá faoi cheannteidil 0203, 0206 or 0207 or bones of heading 0506	
	– Eile	Monarú as feoil nó scairteach inite ó mhuca atá faoi cheannteideal 0203 nó ceannteideal 0206 nó as feoil agus scairteach inite ó éanlaith chlóis atá faoi cheannteideal 0207	
1502	Saill bó-ainmhithe, chaora nó ghabhair, seachas iad siúd faoi cheannteideal. 1503		
	– Saill ó chnámha nó fuíoll	Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal seachas ábhair atá faoi cheannteidil. 0201, 0202, 0204 nó 0206 nó cnámha atá faoi cheannteideal 0506	
	– Eile	Monarú nach mór na hábhair go léir atá faoi Chaibidil 2 a úsáideadh lena linn a fháil go hiomlán sa chríoch	
1504	Saill agus olaí agus a gcodáin, ó éisc nó ó mhamaigh farraige, bídís scagtha nó ná bídís, ach nach bhfuil modhnú ceimiceach déanta orthu:		
	– Codáin sholadacha	Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal, lena n-áirítear ábhair eile atá faoi cheannteideal 1504	
	– Eile	Monarú nach mór na hábhair go léir atá faoi Chaibidil 2 agus Caibidil 3 a úsáideadh lena linn a fháil go hiomlán sa chríoch	
ex 1505	Lanailin scagtha	Monarú as gréisc amholla atá faoi cheannteideal 1505	
1506	Saill ainmhíoch eile agus olaí ainmhíocha eile agus a gcodáin, bídís scagtha nó ná bídís, ach nach bhfuil modhnú ceimiceach déanta orthu:		
	– Codáin sholadacha	Monarú as gréisc amholla atá faoi cheannteideal 1506	

▼B

Uimh. cheannteideal CC	Tuairisc ar an táirge	Saothrú nó próiseáil, a rinneadh ar ábhair neamhthionscnaimh, lena mbronntar stádas tionscnaimh	
(1)	(2)	(3) nó (4)	
	– Eile	Monarú nach mór na hábhair go léir atá faoi Chaibidil 2 a úsáideadh lena linn a fháil go hiomlán sa chríoch	
1507 go 1515	Olaí plandúla agus a gcodáin		
	– Ola soighe, ola na pise talún, ola phailme, ola chnó cócó, ola eithne phailme, ola bhabasú, tungola agus ola óitisíce, céir mhiortail agus céir Sheapánach, codáin ola hahóba agus olaí le haghaidh úsáidí teicniúla nó tionsclaíocha seachas monarú earraí bia lena gcaitheamh ag an duine	Monarú ina bhfuil na hábhair go léir a úsáideadh lena linn aicmithe faoi cheannteideal nach ceannteideal an táirge é	
	– Codáin sholadacha, seachas i gcás ola hahóba	Monarú as ábhair eile atá faoi cheannteidil 1507 go 1515	
	– Eile	Monarú nach mór na hábhair phlandúla go léir a úsáideadh lena linn a fháil go hiomlán sa chríoch	
1516	Saill ainmhíoch nó phlandúil agus olaí ainmhíocha nó plandúla agus a gcodáin, iad hidriginithe, idir-eistearaithe, atheistearaithe nó eilídinithe go hiomlán nó go páirteach, bídís scagtha nó ná bídís, ach nach bhfuil tuilleadh ullmhúcháin déanta orthu	Monarú: — nach mór na hábhair go léir atá faoi Chaibidil 2 a úsáideadh lena linn a fháil go hiomlán sa chríoch; — nach mór na hábhair phlandúla go léir a úsáideadh lena linn a fháil go hiomlán sa chríoch. Mar sin féin, féadfar ábhair atá faoi cheannteidil Uimh. 1507, Uimh. 1508, Uimh. 1511 agus Uimh. 1513 a úsáid	
1517	Margairín; meascáin nó ullmhóidí inite de shaill ainmhíoch nó plandúil nó meascáin nó ullmhóidí inite d'olaí ainmhíocha nó plandúla nó meascáin nó ullmhóidí inite de chodáin saille nó olaí éagsúla atá faoin gCaibidil seo, seachas saill nó olaí inite nó a gcodáin atá faoi cheannteideal Uimh. 1516	Monarú: — nach mór na hábhair go léir atá faoi Chaibidil 2 agus Caibidil 4 a úsáideadh lena linn a fháil go hiomlán sa chríoch; — nach mór na hábhair phlandúla go léir a úsáideadh lena linn a fháil go hiomlán sa chríoch. Mar sin féin, féadfar ábhair atá faoi cheannteidil Uimh. 1507, Uimh. 1508, Uimh. 1511 agus Uimh. 1513 a úsáid	
ex Caibidil 16	Ullmhóidí feola, éisc, crústach, moileasc nó inveirteabrach uisceacha eile; seachas:	Monarú as ainmhithe atá faoi Chaibidil 1.	

▼B

Uimh. cheannteideal CC	Tuairisc ar an táirge	Saothrú nó próiseáil, a rinneadh ar ábhair neamhthionscnaimh, lena mbronntar stádas tionscnaimh	
(1)	(2)	(3) nó (4)	
1604 agus 1605	Iasc ullmhaithe nó leasaithe; caibheár agus ionadaigh caibheáir a ullmhaíodh ó eochraí éisc; Crústaigh, moilisc agus inveirteabraigh uisceacha eile, ullmhaithe nó leasaithe	Monarú nach bhfuil luach aon ábhar atá faoi Chaibidil 3 a úsáideadh lena linn níos mó ná 15 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha	
ex Caibidil 17	Siúcraí agus milseogra siúcra; seachas:	Monarú ina bhfuil na hábhair go léir a úsáideadh lena linn aicmithe faoi cheannteideal nach ceannteideal an táirge é	
ex 1701	Siúcra cána nó biatais agus siúcrós atá íon go ceimiceach, i bhfoirm sholadach, blaistithe nó daite	Monarú nach bhfuil luach aon ábhar atá faoi Chaibidil 17 a úsáideadh lena linn níos mó ná 30 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha	
1702	Siúcraí eile, lena n-áirítear lachtós, maltós, glúcós agus fruchtós atá íon go ceimiceach, i bhfoirm sholadach; síoróipí siúcra nach bhfuil ábhar breise blaistithe ná dathúcháin curtha leo; mil shaorga, cibé acu atá sé measctha le mil nádúrtha nó nach bhfuil; caramal:		
	– Maltós agus fruchtós atá íon ó thaobh ceimice de	Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal, lena n-áirítear ábhair eile atá faoi cheannteideal 1702	
	– Siúcraí eile i bhfoirm sholadach nó atá blaistithe nó daite	Monarú nach bhfuil luach aon ábhar atá faoi Chaibidil 17 a úsáideadh lena linn níos mó ná 30 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha	
	– Eile	Monarú nach mór na hábhair go léir a úsáideadh lena linn a bheith de thionscnamh na críche sin cheana féin	
ex 1703	Molás de thoradh ar shiúcra, blaistithe nó daite, a eastóscadh nó a mhínphróiseáil	Monarú nach bhfuil luach aon ábhar atá faoi Chaibidil 17 a úsáideadh lena linn níos mó ná 30 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha	
1704	Milseogra siúcra (lena n-áirítear seacláid bhán) nach bhfuil cócó iontu	Monarú: — ina bhfuil na hábhair go léir a úsáideadh lena linn aicmithe faoi cheannteideal nach ceannteideal an táirge é; — nach bhfuil luach aon ábhar atá faoi Chaibidil 17 a úsáideadh lena linn níos mó ná 30 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha	

▼B

Uimh. cheannteideal CC	Tuairisc ar an táirge	Saothrú nó próiseáil, a rinneadh ar ábhair neamhthionscnaimh, lena mbronntar stádas tionscnaimh	
(1)	(2)	(3) nó (4)	
Caibidil 18	Cócó agus ullmhóidí cócó	Monarú: — ina bhfuil na hábhair go léir a úsáideadh lena linn aicmithe faoi cheannteideal nach ceannteideal an táirge é; — nach bhfuil luach aon ábhar atá faoi Chaibidil 17 a úsáideadh lena linn níos mó ná 30 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha	
1901	Eastóscán braiche; ullmhóidí bia plúir, mine, stáirse nó eastóscáin braiche, nach bhfuil cócó iontu nó ina bhfuil níos lú ná 40 % de chócó de réir meáchan arna ríomh ar bhunús díshaillte go hiomlán, nach sonraítear nó nach n-áirítear in aon áit eile; ullmhóidí bia earraí atá faoi cheannteidil 0401 go 0404, nach bhfuil cócó iontu nó ina bhfuil níos lú ná 5 % de chócó de réir meáchan arna ríomh ar bhunús díshaillte go hiomlán, nach sonraítear nó nach n-áirítear in aon áit eile:		
	– Eastóscán braiche	Monarú as gránaigh atá faoi Chaibidil 10	
	– Eile	Monarú: — ina bhfuil na hábhair go léir a úsáideadh lena linn aicmithe faoi cheannteideal nach ceannteideal an táirge é; — nach bhfuil luach aon ábhar atá faoi Chaibidil 17 a úsáideadh lena linn níos mó ná 30 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha	
1902	Pasta, cibé acu atá sé cócaráilte nó líonta (le feoil nó substaintí eile) nó ullmhaithe ar bhealach eile nó nach bhfuil, amhail spaigití, macarón, núdail, lasáinne, gnocchi, raiviólaí, canalóiní; cúscús, bíodh sé ullmhaithe nó ná bíodh:		
	– ina bhfuil 20 % nó níos lú de réir meáchan feola, scairteach feola, éisc, crústach nó moileasc	Monarú nach mór na gránaigh agus díorthaigh go léir (seachas cruithneacht chrua agus a díorthaigh) a úsáideadh lena linn a fháil go hiomlán sa chríoch	

▼B

Uimh. cheannteideal CC	Tuairisc ar an táirge	Saothrú nó próiseáil, a rinneadh ar ábhair neamhthionscnaimh, lena mbronntar stádas tionscnaimh	
(1)	(2)	(3) nó (4)	
	– ina bhfuil 20 % nó níos lú de réir meáchan feola, scairteach feola, éisc, crústach nó moileasc	Monarú: — nach mór na gránaigh agus díorthaigh go léir (seachas cruithneacht chrua agus a díorthaigh) a úsáideadh lena linn a fháil go hiomlán sa chríoch; — nach mór na hábhair go léir atá faoi Chaibidil 2 agus Caibidil 3 a úsáideadh lena linn a fháil go hiomlán sa chríoch	
1903	Taipióca agus ionadaigh thaipióca atá ullmhaithe as stáirse, i bhfoirm calóg, gránach, péarlaí, fuílll chriathair nó i bhfoirmeacha comhchosúla	Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal seachas stáirse prátaí atá faoi cheannteideal Uimh. 1108	
1904	Bianna ullmhaithe a fhaightear trí shéideadh nó trí róstadh gránach nó táirgí gránach (calóga arbhair, mar shampla); gránaigh (seachas arbhar Indiach (arbhar)) i bhfoirm gránach nó i bhfoirm calóg nó gránach oibrithe eile (seachas plúr agus min), réamhchócaráilte nó ullmhaithe ar bhealach eile, nach sonraítear nó nach n-áirítear in aon áit eile	Monarú: — as ábhair nach bhfuil aicmithe faoi cheannteideal 1806; — nach mór na gránaigh agus an plúr go léir (seachas cruithneacht chrua agus a díorthaigh) a úsáideadh lena linn a fháil go hiomlán sa chríoch; — nach bhfuil luach aon ábhar atá faoi Chaibidil 17 a úsáideadh lena linn níos mó ná 30 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha	
1905	Arán, taosrán, cácaí, brioscaí agus táirgí eile báicéara, bíodh cócó iontu nó ná bíodh; abhlanna, capsúil fholmha de chineál atá feiliúnach d'úsáid chógaisíochta, sliseoga séalaithe, rísphápéar agus táirgí comhchosúla	Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal ach amháin na cinn ó Chaibidil 11	
ex Caibidil 20	Ullmhóidí glasraí, torthaí, cnónna nó codanna eile de phlandaí; seachas:	Monarú nach mór na torthaí, cnónna nó glasraí go léir a úsáideadh lena linn a fháil go hiomlán sa chríoch	
ex 2001	Ionaim, prátaí milse agus codanna inite comhchosúla de phlandaí a bhfuil 5 % nó níos mó de stáirse iontu de réir meáchain, ullmhaithe nó leasaithe le fínéagar nó le haigéad aicéiteach	Monarú ina bhfuil na hábhair go léir a úsáideadh lena linn aicmithe faoi cheannteideal nach ceannteideal an táirge é	
ex 2004 agus ex 2005	Prátaí i bhfoirm plúir, mine nó calóg, ullmhaithe nó leasaithe gan fínéagar ná aigéad aicéiteach a úsáid	Monarú ina bhfuil na hábhair go léir a úsáideadh lena linn aicmithe faoi cheannteideal nach ceannteideal an táirge é	

▼B

Uimh. cheann-teideal CC	Tuairisc ar an táirge	Saothrú nó próiseáil, a rinneadh ar ábhair neamhthionscnaimh, lena mbronntar stádas tionscnaimh	
(1)	(2)	(3) nó (4)	
2006	Glasraí, torthaí, cnónna, craiceann torthaí agus codanna eile de phlandaí, leasaithe le siúcra (draenáilte, glacé nó criostalaithe)	Monarú nach bhfuil luach aon ábhar atá faoi Chaibidil 17 a úsáideadh lena linn níos mó ná 30 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha	
2007	Subha, glóthacha torthaí, marmaláidí, purée torthaí nó cnónna agus leafaos torthaí nó chnónna, ar ullmhóidí cócaráilte iad, bíodh siúcra nó ábhar milsiúcháin breise curtha leo nó ná bíodh	Monarú: — ina bhfuil na hábhair go léir a úsáideadh lena linn aicmithe faoi cheannteideal nach ceannteideal an táirge é; — nach bhfuil luach aon ábhar atá faoi Chaibidil 17 a úsáideadh lena linn níos mó ná 30 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha	
ex 2008	– Cnónna, nach bhfuil siúcra breise ná biotáille bhreise curtha leo	Monarú ina bhfuil luach na gcnónna agus síolta ola tionscnaimh atá faoi cheannteidil 0801, 0802 agus 1202 go 1207 a úsáideadh lena linn níos mó ná 60 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha	
	– Im piseanna talún; meascáin atá bunaithe ar ghránaigh; croíthe pailme; arbhar Indiach	Monarú ina bhfuil na hábhair go léir a úsáideadh lena linn aicmithe faoi cheannteideal nach ceannteideal an táirge é	
	– Eile, seachas torthaí agus cnónna atá cócaráilte ar bhealach seachas trína ngalbhruith nó trína mbruith in uisce, nach bhfuil siúcra breise curtha leo, reoite	Monarú: — ina bhfuil na hábhair go léir a úsáideadh lena linn aicmithe faoi cheannteideal nach ceannteideal an táirge é; — nach bhfuil luach aon ábhar atá faoi Chaibidil 17 a úsáideadh lena linn níos mó ná 30 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha	
2009	Sú torthaí (lena n-áirítear úrfhíon fíonchaor) agus sú glasraí, neamhchoipthe agus nach bhfuil biotáille bhreise curtha leo, bíodh siúcra nó ábhar milsithe breise curtha leo nó ná bíodh	Monarú: — ina bhfuil na hábhair go léir a úsáideadh lena linn aicmithe faoi cheannteideal nach ceannteideal an táirge é; — nach bhfuil luach aon ábhar atá faoi Chaibidil 17 a úsáideadh lena linn níos mó ná 30 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha	

▼B

Uimh. cheannteideal CC	Tuairisc ar an táirge	Saothrú nó próiseáil, a rinneadh ar ábhair neamhthionscnaimh, lena mbronntar stádas tionscnaimh	
(1)	(2)	(3) nó (4)	
ex Caibidil 21	Ullmhóidí inite ilghnéitheacha; seachas:	Monarú ina bhfuil na hábhair go léir a úsáideadh lena linn aicmithe faoi cheannteideal nach ceannteideal an táirge é	
2101	Eastóscáin, úscraí agus tiúcháin caife, tae nó maité agus ullmhóidí de bhunús na dtáirgí sin nó de bhunús caife, tae nó maité; siocaire rósta agus ionadaigh chaife rósta eile, agus úisc, úscraí agus tiúchain díobh sin	Monarú: — ina bhfuil na hábhair go léir a úsáideadh lena linn aicmithe faoi cheannteideal nach ceannteideal an táirge é; — nach mór an siocaire go léir a úsáideadh lena linn a fháil go hiomlán sa chríoch	
2103	Anlainn agus ullmhóidí díobh; tarsainn mheasctha agus blastanais mheasctha; plúr mustaird agus min mhustaird agus mustard ullmhaithe:		
	– Anlainn agus ullmhóidí díobh; tarsainn mheasctha agus blastanais mheasctha	Monarú ina bhfuil na hábhair go léir a úsáideadh lena linn aicmithe faoi cheannteideal nach ceannteideal an táirge é Mar sin féin, féadfar plúr mustaird nó min mhustaird nó mustard ullmhaithe a úsáid	
	– Plúr mustaird agus min mhustaird agus mustard ullmhaithe	Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal	
ex 2104	Anraithí agus bratanna agus ullmhóidí díobh	Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal seachas glasraí ullmhaithe nó leasaithe atá faoi cheannteidil 2002 go 2005	
2106	Ullmhóidí bia nach sonraítear nó nach n-áirítear in aon áit eile	Monarú: — ina bhfuil na hábhair go léir a úsáideadh lena linn aicmithe faoi cheannteideal nach ceannteideal an táirge é; — nach bhfuil luach aon ábhar atá faoi Chaibidil 17 a úsáideadh lena linn níos mó ná 30 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha	
ex Caibidil 22	Deochanna, biotáillí agus fíneagar; seachas:	Monarú: — ina bhfuil na hábhair go léir a úsáideadh lena linn aicmithe faoi cheannteideal nach ceannteideal an táirge é; — nach mór na fíonchaora go léir nó aon ábhar a fhaightear ó fhíonchaora a úsáideadh lena linn a fháil go hiomlán sa chríoch	

▼B

Uimh. cheannteideal CC	Tuairisc ar an táirge	Saothrú nó próiseáil, a rinneadh ar ábhair neamhthionscnaimh, lena mbronntar stádas tionscnaimh	
(1)	(2)	(3) nó (4)	
2202	Uiscí, lena n-áirítear uiscí mianraí agus uiscí aeraithe, a bhfuil siúcra nó ábhar milsiúcháin eile curtha leo nó atá blaistithe, agus deochanna neamhalcólacha eile, gan sú torthaí ná glasraí atá faoi cheannteideal 2009 a áireamh	Monarú: — ina bhfuil na hábhair go léir a úsáideadh lena linn aicmithe faoi cheannteideal nach ceannteideal an táirge é; — nach bhfuil luach aon ábhar atá faoi Chaibidil 17 a úsáideadh lena linn níos mó ná 30 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha; — nach mór aon sú torthaí (seachas sú anainn, líoma nó seadóige) a úsáideadh lena linn a bheith de thionscnamh na críche	
2207	Alcól eitile gan dínádúrú ina bhfuil neart alcóil atá 80 % de réir toirte nó níos mó; alcól eitile agus biotáillí eile, dínádúraithe, d'aon neart alcóil.	Monarú: — as ábhair nach n-aicmítear faoi cheannteideal Uimh. 2207 ná ceannteideal Uimh. 2208, — nach mór na fíonchaora go léir nó aon ábhair a fhaightear ó fhíonchaora a úsáideadh lena linn a fháil go hiomlán sa chríoch nó más de thionscnamh na críche na hábhair eile go léir a úsáideadh, féadfar arac a úsáid suas go dtí teorainn 5 % de réir toirte	
2208	Alcól eitile gan dínádúrú ina bhfuil neart alcóil atá níos lú ná 80 % de réir toirte; biotáillí, licéir agus deochanna biotáilleacha eile	Monarú: — as ábhair nach bhfuil aicmithe faoi cheannteideal 2207 nó ceannteideal 2208, — nach mór na fíonchaora go léir nó aon ábhar a fhaightear ó fhíonchaora a úsáideadh lena linn a fháil go hiomlán sa chríoch nó más de thionscnamh na críche na hábhair eile go léir a úsáideadh, féadfar arac a úsáid suas go dtí teorainn 5 % de réir toirte	
ex Caibidil 23	Iarmhair agus dramhaíl ó na tionscail bhia; farae ullmhaithe d'ainmhithe; seachas:	Monarú ina bhfuil na hábhair go léir a úsáideadh lena linn aicmithe faoi cheannteideal nach ceannteideal an táirge é	
ex 2301	Feoil mhíl mhóir; plúr, min agus millíní éisc, crústach, moileasc nó inveirteabrach uisceach eile, nach bhfuil oiriúnach lena gcaitheamh ag an duine	Monarú nach mór na hábhair go léir atá faoi Chaibidil 2 agus Caibidil 3 a úsáideadh lena linn a fháil go hiomlán sa chríoch	

▼B

Uimh. cheannteideal CC	Tuairisc ar an táirge	Saothrú nó próiseáil, a rinneadh ar ábhair neamhthionscnaimh, lena mbronntar stádas tionscnaimh	
(1)	(2)	(3) nó (4)	
ex 2303	Iarmhair ó mhonarú stáirse as arbhar Indiach (seachas licéir thiubhaithe maois), a bhfuil cion próitéine iontu, arna ríomh de réir an táirge thirim, atá níos mó ná 40 % de réir meáchain	Monarú nach mór an t-arbhar Indiach go léir a úsáideadh lena linn a fháil go hiomlán sa chríoch	
ex 2306	Cáca ola agus iarmhair sholadacha eile atá de thoradh ar úscadh ola olóige, a bhfuil níos mó ná 3 % d'ola olóige ann	Monarú nach mór na hológa go léir a úsáideadh lena linn a fháil go hiomlán sa chríoch	
2309	Ullmhóidí den chineál a úsáidtear i mbeathú ainmhithe	Monarú: — nach mór na gránaigh, an siúcra nó molás, an fheoil agus an bainne go léir a úsáideadh lena linn a bheith de thionscnamh na críche; — nach mór na hábhair go léir atá faoi Chaibidil 3 a úsáideadh lena linn a fháil go hiomlán sa chríoch	
ex Caibidil 24	Tobac agus ionadaigh tobac mhonaraithe; seachas:	Monarú nach mór na hábhair go léir atá faoi Chaibidil 24 a úsáideadh lena linn a fháil go hiomlán sa chríoch	
2402	Todóga, seiriúit, todóigíní agus toitíní, as tobac nó ionadaigh tobac	Monarú nach mór 70 % ar a laghad den tobac neamh-mhonaraithe nó dramhaíl tobac, de réir meáchain, atá faoi cheannteideal 2401 a úsáideadh lena linn a bheith de thionscnamh na críche cheana féin	
ex 2403	Tobac lena chaitheamh	Monarú nach mór 70 % ar a laghad den tobac neamh-mhonaraithe nó dramhaíl tobac, de réir meáchain, atá faoi cheannteideal 2401 a úsáideadh lena linn a bheith de thionscnamh na críche cheana féin	
ex Caibidil 25	Salann; sulfar; cré agus clocha; ábhair phlástrála, aol agus stroighin; seachas:	Monarú ina bhfuil na hábhair go léir a úsáideadh lena linn aicmithe faoi cheannteideal nach ceannteideal an táirge é	
ex 2504	Graifít chriostalach nádúrtha, atá saibhrithe le cion carbóin agus atá íonghlanta agus meilte	An t-ábhar carbóin a shaibhriú, graifít chriostalach amh a íonghlanadh agus a mheilt	
ex 2515	Marmar mionghearrtha le sábh nó ar bhealach eile ina bhloic nó ina leaca i bhfoirm dhronuilleogach (lena n-áirítear i bhfoirm chearnógach), nach bhfuil níos mó ná 25 cm ar tiús	Marmar (fiú má tá sé gearrtha le sábh cheana féin) a ghearradh, le sábh nó ar bhealach eile, nach bhfuil níos mó ná 25 cm ar tiús	

▼B

Uimh. cheannteideal CC	Tuairisc ar an táirge	Saothrú nó próiseáil, a rinneadh ar ábhair neamhthionscnaimh, lena mbronntar stádas tionscnaimh	
(1)	(2)	(3) nó (4)	
ex 2516	Eibhear, porfaire, basalt, gaineamhchloch agus cloch thógála nó chuimhneacháin eile, mionghearrtha le sábh nó ar bhealach eile ina bhloic nó ina leaca i bhfoirm dhronuilleogach (lena n-áirítear i bhfoirm chearnógach), nach bhfuil níos mó ná 25 cm ar tiús	Cloch (fiú má tá sí gearrtha le sábh cheana féin) a ghearradh, le sábh nó ar bhealach eile, nach bhfuil níos mó ná 25 cm ar tiús	
ex 2518	Dolaimít chailcínithe	Dolaimít nach bhfuil cailcínithe a chailcíniú	
ex 2519	Carbónáit mhaignéisiam nádúrtha brúite (maighnéidít), i gcoimeádáin séalaithe go heirméiteach, agus ocsaíd mhaignéisiam, bídís íon nó ná bídís, seachas maignéis chomhleáite nó maignéis atá cailcínithe amach (ar tháinig sintéar uirthi)	Monarú ina bhfuil na hábhair go léir a úsáideadh lena linn aicmithe faoi cheannteideal nach ceannteideal an táirge é Mar sin féin, féadfar carbónáit mhaignéisiam nádúrtha (maighnéidít) a úsáid	
ex 2520	Greimlíní ullmhaithe go speisialta le haghaidh fiaclóireachta	Monarú nach bhfuil luach na n ábhar go léir a úsáideadh lena linn níos mó ná 50 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha	
ex 2524	Snáithíní aispeiste nádúrtha	Monarú as tiúchán aispeiste	
ex 2525	Púdar míoca	Míoca nó dramhaíl míoca a mheilt	
ex 2530	Cré-dhathanna, bídís cailcínithe nó púdráilte	Monarú ina bhfuil na hábhair go léir a úsáideadh lena linn aicmithe faoi cheannteideal nach ceannteideal an táirge é Mar sin féin, féadfar carbónáit mhaignéisiam nádúrtha (maighnéidít) a úsáid	
Caibidil 26	Mianta, slaig agus luaith	Monarú ina bhfuil na hábhair go léir a úsáideadh lena linn aicmithe faoi cheannteideal nach ceannteideal an táirge é	
ex Caibidil 27	Breoslaí mianracha, olaí mianracha agus táirgí de thoradh a ndriogtha; substaintí biotúmanacha; céaracha mianracha; seachas:	Monarú ina bhfuil na hábhair go léir a úsáideadh lena linn aicmithe faoi cheannteideal nach ceannteideal an táirge é	
ex 2707	Olaí ina bhfuil meáchan na gcomhábhar aramatach níos mó ná meáchan na gcomhábhar neamharamatach, ar olaí iad atá cosúil le holaí mianracha a fhaightear trí tharra guail ardteochta a dhriogadh, is é sin tarra guail ardteochta a ndriogann níos mó ná 65 % de, de réir toirte, ag teocht nach mó ná 250 °C (lena n áirítear meascáin de bhiotáille peitriliam agus beansól), lena n úsáid mar bhreoslaí cumhachta nó téite	Oibríochtaí scagtha agus/nó ceann amháin nó níos mó de phróisis shonracha [1] nó Oibríochtaí eile ina bhfuil na hábhair go léir a úsáideadh lena linn aicmithe faoi cheannteideal nach ceannteideal an táirge é. Mar sin féin, féadfar ábhair atá aicmithe faoi aon cheannteideal amháin a úsáid ar choinníoll nach bhfuil a luach níos mó ná 50 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha	

▼B

